Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# 2017

## RÉAMHRÁ

| | |
|---|---|
| Réamhrá | 3 |
| Ráiteas Misin / Fís | 4 |
| Plean Corparáideach | 5 |
| Comhairleoirí Contae | 6 |
| Ceantair Bhardasacha | 8 |
| Coistí Um Beartais Straitéiseacha | 10 |

## CUMARSÁID, CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

| | |
|---|---|
| Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh | 14 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 15 |
| Punann Réadmhaoine & Bainistíocht Sóchmhainní | 15 |
| Cumarsáid | 16 |
| Oifig na Gaeilge | 18 |
| Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre | 19 |
| Ailtirí | 21 |
| Leabharlann Chontae Mhaigh Eo | 23 |
| Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo | 25 |
| Seirbhísí Ealaíon | 27 |
| Teicneolaíocht agus Faisnéis Cumarsáide (TFC) | 29 |

## PLEANÁIL, FORBAIRT POBAIL AGUS EACNAMAÍOCH

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht sa Phobal | 32 |
| Coiste Contae i gCúram Leanaí | 35 |
| Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo | 37 |
| Oifig Fiontar Áitiúil | 39 |
| Invest | 41 |
| Forbairt Turasóireachta | 42 |
| Aonad Forbartha Digití agus Leathanbhanda | 44 |
| Pleanáil agus Forbairt | 45 |
| Forfheidhmiú Pleanála | 47 |

## TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSÍ

| | |
|---|---|
| Tithíocht | 50 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 54 |
| Athbhreithniú ar Sholáthar agus Éifeachtúlacht | 58 |

## SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

| | |
|---|---|
| Uisce Tuaithe | 62 |
| Comhshaol Athrú Aeráide agus Talmhaíocht | 64 |
| An Rannóg Tréidliachta | 66 |
| Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo | 67 |
| Rialú Dóiteáin Réigiún an Iarthair | 69 |
| Consaint Shibhialta | 70 |
| Sábháilteacht Uisce | 72 |

## BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN

| | |
|---|---|
| Airgeadas | 75 |
| Mótarcháin | 79 |

## AGUISÍN

AGUISÍN I - VI

## RÉAMHRÁ

**Tharla go leor i gContae Mhaigh Eo in 2017 agus, mar a dúradh san amhrán...tháinig athrú ar rudaí áirithe agus d'fhan rudaí eile mar a bhí riamh. Bhrisfeadh sé do chroí an chaoi a raibh ár bhFoireann Peile i bhfoisceacht do ghaisce a dhéanamh – arís! Chonaic muid an chéad Taoiseach as Maigh Eo, Éanna Ó Coinnigh, ag cur clabhsúr lena thréimhse rathúil oifige i mí na Bealtaine. Cuireadh tús le ré nua nuair a bunaíodh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, faoi stiúir an Aire Micheál Ó Rinn, i mí an Mheithimh.**
**B'in iad na ceannlínte náisiúnta ach ar ais i gcroílár an aicsin bhí neart eile ag tarlú thar go leor réimsí éagsúla, na cinn seo a leanas ina measc;**



**Richard Finn**
**CATHAOIRLEACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**



**Peadar Ó hEidhin**
**PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**
**Comhairle Contae Mhaigh Eo**

**FIONTAR** - Bhí roinnt móréachtaí i Maigh Eo: sa chomórtas Fiontraí Óg na Bliana - Nigel O'Reilly, Seodóir agus Máistirghabha Óir - agus i gcomórtas Fiontraí na Bliana Ernst & Young - Harry Hughes as Portwest - dea-léiriú ar an spiorad fiontraíochta inár gcontae. Tá ról lárnach ag an obair leanúnach atá ar siúl ag an Aonad Infheistíochta agus Fiontraíochta agus ag ár nOifig Fiontair Áitiúil i gcothú an spioraid sin agus iad ag tacú le hinfheistíocht agus le cruthú fostaíochta timpeall an chontae.

**TITHÍOCHT** - Tugadh tús áite don ghéarchéim tithíochta ar bhonn náisiúnta le linn na bliana agus, mar fhreagra ar an cheist seo, bhunaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo Ionad Barr Feabhais um Thithíocht inár n-oifig i mBéal Átha na Muice - rud a chuir borradh suntasach faoinár gclár tógála tithe.

**AERÁID** -I lár an aonaigh dhomhanda, tá dlús faoin athrú aeráide agus ba é an freagra a bhí ag Maigh Eo air seo ná Rannóg Chomhtháite Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Talmhaíochta a bhunú. Bhuamar an comórtas le bheith mar Phríomhúdarás i réigiún an Iarthuaisceart- céim shuntasach chun tosaigh.

**TURASÓIREACHT** - Tá an turasóireacht ar cheann dár réimsí fáis is tábhachtaí. Léiriú soiléir a bhí i dtionscnaimh ar nós Spirit of Place ag Conga, Cósta Chéide agus Cathair na Mart 250 ar an tábhacht a bhaineann le Mórstraitéis agus Branda Contae a threoraíonn agus a thacaíonn le hiarrachtaí áitiúla. Baineadh sprioc thábhachtach eile amach nuair a thángthas ar réiteach maidir le húinéireacht Eastáit Theach Chathair na Mart, mar aon le stráitéis dá thodhchaí.

**FORBAIRT RÉIGIÚNACH** – Tá an comhoibriú riachtanach le go mbainfidh an Iarthuaisceart lán ár gcumas amach. Rinneadh dul chun cinn nuair a ainmníodh an Chrios Forbartha Straitéisí ag Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire agus nuair an thángthas ar chomhaontú maidir le Sligeach a bheith san áireamh mar Ionad Fáis sa Chreat Náisiúnta Pleanála – forbairtí dearfacha a léiríonn an comhoibriú a bheidh ag teastáil amach anseo.

**BUNLUACHANNA**– Rinneadh dul chun cinn i soláthar bunseirbhísí riachtanacha agus tógadh céim dhearfach eile leis an fhoireann bainistíochta ag díriú isteach arís ar ár luachanna mar eagraíocht agus ar cheisteanna ar nós leas na foirne agus dínit san áit oibre. Chuir muid Aonad Cumarsáide nua ar bun le Ceannasaí Cumarsáide agus tháinig beirt Stiúrthóirí Seirbhísí nua ar bord - Catherine McConnell agus John Condon.

**AITHEANTAS NÁISIÚNTA**– Bhuamar roinnt gradam le linn na bliana, ina measc Comhairle na Bliana, an teideal náisiúnta bronnta ag Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (CCUA) - gradam a mbíonn an-tóir air agus a léiríonn dul chun cinn nach beag.

Mar fhocail scoir, is féidir a rá gur bhliain shuimiúil a bhí in 2017 thar go leor réimsí éagsúla – agus muid á tabhairt chun deiridh, ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo siúd a d'oibrigh chomh crua sin lenár gcontae iontach a fheabhsú agus a chur chun cinn. Tá muid ag súil le leanúint leis an misean seo in 2018 agus ina dhiaidh.

Richard Finn
Peter Hynes

## RÁITEAS MISIN

**"Leas agus caighdeán beatha mhuintir agus phobail Chontae Mhaigh Eo a fheabhsú, agus cur le tarraingteacht an Chontae mar áit ar mhaith leat cónaí inti, oibriú inti, cuairt a thabhairt uirthi, infheistíocht a dhéanamh inti agus taitneamh a bhaint aisti".**

## FÍS

**Contae atá inbhuanaithe, ionchuimsithe, rathúil agus bródúil**

# PLEAN CORPARÁIDEACH

**Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo i gcroílár an phobail áitiúil agus ról lárnach aici i bhfhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta sa chontae trí sheirbhísí riachtanacha áitiúla a chur ar fáil atá fíorthábhachtach do chaighdeán beatha na ndaoine a ndéanann muid ionadaíocht bhródúil ar a son.**

**Mar phríomhchomhlacht de chuid na hearnála poiblí, tacaímid freisin leo siúd a chuireann príomhsheirbhísí poiblí ar fáil. Nuair a dhéanaimid ár bhfreagrachtaí a chomhlíonadh tig leosan a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Bímid i gcónaí airdeallach faoi seo le go n-éireodh linn ár ngealltanais a chomhlíonadh le Contae Mhaigh Eo a dhéanamh Inbhuanaithe, Ionchuimsitheach, Rathúil agus Bródúil.**

**Cuireadh an Plean Corparáideach le chéile mar threoir dúinn i gcomhlíonadh ár ndualgais do mhuintir Chontae Mhaigh Eo. Leagtar amach ann ár misean, mar chomhlacht daonlathach, an dóigh a oibrímid agus conas mar a dhéanaimid ár n-iarrachtaí a thomhais le go léireoidh na torthaí go soiléir na héachtaí a baineadh amach dár bpobail.**

**Bíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo dírithe ar an phobal agus ar dhaoine. Is ionadaithe iad ár gcomhairleoirí do mhuintir an chontae agus is cuid de phobal Mhaigh Eo ár bhfoireann. Is é an sprioc atá leis an chomhiarracht seo ná cur go dearfach le forbairt leanúnach Mhaigh Eo.**

**Le go mbeadh Maigh Eo féin rathúil, teastaíonn Comhairle rathúil agus is bunchloch é an plean corparáideach i gceapadh, rianú agus i gcur i bhfeidhm spriocanna rathúla don chontae.**

# COMHAIRLEOIRÍ CONTAE

## Ceantar Bardasach Bhéal an Átha



Annie May Reape
**CATHAOIRLEACH**
**FF**



Neil Cruise
**FG**



Gerry Ginty
**NS**



Michael Loftus
**FF**



Jarlath Munnelly
**FG**



John O'Hara
**FG**



Michael Smyth
**FF**



Seamus Weir
**NS**

## Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh



Martin McLoughlin
**CATHAOIRLEACH**
**FF**



Cyril Burke
**FG**



Frank Durcan
**NS**



Blackie K. Gavin
**FF**



Henry Kenny
**FG**



Michael Kilcoyne
**NS**



Al McDonnell
**FF**



Thérèse Ruane
**SF**

## Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris



Gerry Murray
**CATHAOIRLEACH**
**SF**



John Caulfield
**FF**



Tom Connolly
**FG**



John Cribbin
**FG**



Richard Finn
**NS**
**CATHAOIRLEACH MAYO COUNTY COUNCIL**



Patsy O'Brien
**FG**



Damien Ryan
**FF**



Michael Holmes
**CATHAOIRLEACH**
**NS**



Gerry Coyle
**FG**



Christy Hyland
**NS**



Tereasa McGuire
**FG**



Paul McNamara
**FF**




Brendan Mulroy
**FF**




Teresa Whelan
**SF**

# CEANTAIR BHARDASACHA





Ceantar Bardasach
Bhéal an Átha



Ceantar Bardasach
Chaisleán an Bharraigh





Ceantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris



Ceantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo



Le haghaidh Tuarascálacha Bliantúla na gCeantar Bardasach, féach **Aguisín 1**

# COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

## CBS maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála

**An Clr. John Cribbin**
(Cathaoirleach atá ag dul as oifig)

**An Clr. Jarlath Munnelly**
(Cathaoirleach nuacheaptha)

Tionóladh an CBS maidir le Cultúr, Oideachas, Oidhreacht, Gnóthaí Corparáideacha agus Seirbhísí Éigeandála 4 huaire le linn 2017 agus bhí na rudaí seo a leanas ar a gclár oibre:

- Plean Cultúir agus Cruthaitheachta do 2017 agus straitéis 5 bliana ina dhiaidh sin a fhorbairt faoi Chlár Éire Ildánach 2017-2022
- Dréachtphlean Forbartha Leabharlann Chontae Mhaigh Eo 2017-2021
- Clár Imeachtaí a aontú do 2018 de réir Straitéis Cuimhneacháin Mhaigh Eo 2013-2023
- Bearta Tosaíochta an Choiste a aontú do 2018

## CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair

**An Clr. Michael Kilcoyne**
(Cathaoirleach)

Tionóladh an CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair 4 huaire le linn 2017 agus bhí na rudaí seo a leanas ar a gclár oibre:

- Dul chun cinn na hOifige Fiontair Áitiúil
- Scéim Tacaíochta Gnó Chomhairle Contae Mhaigh Eo
- Plean Náisiúnta Leathanbhanda agus leathadh amach Leathanbhanda Tuaithe i Maigh Eo
- Ionad Trádála Iarthar Éireann, Rhode Island
- Tionscadail Fiontair agus Infheistíochta

## CBS maidir le Tithíocht

**An Clr. Gerry Ginty**
(Cathaoirleach)

Tionóladh an CBS maidir le Tithíocht 4 huaire le linn 2017 agus bhí na rudaí seo a leanas ar a gclár oibre:

- Clár Tithíochta 2016 - 2021
- Tithe Folmha
- Scéim Athbhreithnithe um Leithdháileadh Tithíochta
- An Clár Athlonnaithe Dídeanaithe
- An Scéim Deisithe agus Léasúcháin agus an Scéim Ceannaithe agus Athnuaite
- Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Scéim Cíosanna Difreálacha

## CBS maidir le Pleanáil, Comhshaol agus Talmhaíocht

**An Clr. Michael Smyth**
(Cathaoirleach)

Tionóladh an CBS maidir le Pleanáil, Comhshaol agus Talmhaíocht 3 huaire le linn 2017 agus bhí na rudaí seo ar a gclár oibre:

- Cur i láthair ar Aistriú na nIonad Fóntas Pobail
- Cur i láthair ar Thuarascáil Bhliantúil Réigiún Chonnacht-Uladh 2016
- Leasuithe molta ar Fhodhlíthe i ndáil le Reiligí
- Comhairliúchán Poiblí ar Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (2018-2021)
- An t-eolas is déanaí maidir leis an Tobhach ar Láithreáin Fholmha
- An t-eolas is déanaí maidir leis an Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide

## CBS maidir le Sábháilteacht agus Iompar ar Bhóithre

**Cllr Brendan Mulroy**
(Cathaoirleach Nua-cheaptha)

**Cllr Annie May Reape**
(Cathaoirleach atá ag dul as oifig)

Tionóladh an CBS maidir le Sábháilteacht agus Iompar ar Bhóithre 3 huaire in 2017 agus bhí na rudaí seo a leanas ar a gclár oibre

- An Clár um Bóithre Náisiúnta agus Cláir um Bóithre nach Bóithre Naisiúnta iad – contae Mhaigh Eo
- Sábháilteacht ar Bhóithre
- Beartas um Fheabhsú Bóithre Réigiúnacha
- Teorannacha Luais in Eastáit Tithíochta
- Scéim Phíolótach Páirceáil trí Théacs
- Bunú Fhóram um Ghearradh Fálta
- An Plean le haghaidh Seirbhísí Geimhridh
- Plean maidir dul i ngleic le Crainn Dhainséaracha
- Beartas i ndáil leis an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

## CBS maidir le Turasóireacht agus Bia

**Cllr John O'Hara**
(Cathaoirleach Nua-cheaptha)

**Cllr Gerry Coyle**
(Cathaoirleach atá ag dul as oifig)

Tionóladh an CBS maidir le Turasóireacht agus Bia 3 huaire in 2017 agus bhí na rudaí seo a leanas ar a gclár oibre:

- Bunaíodh Gréasáin Turasóireachta agus Grúpa Stiúrtha le bheith i gceannas ar chur i bhfeidhm 'Destination Mayo – A Strategy for the Future Development of Tourism in County Mayo 2016 – 2012'
- Foinsí maoinithe do thionscadail a phlé
- Margaíocht Turasóireachta Chontae Mhaigh Eo



# CUMARSÁID,CÓRAIS FAISNÉISE & FORBAIRT CHORPARÁIDEACH

## SA MHÍR SEO


Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh

Gnóthaí Corparáideacha

Rannóg um Punann Réadmhaoine & um Bainistíocht Sóchmhainní

An Rannóg Cumarsáide, Oifig na Gaeilge, Feasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre


Ailtirí

Leabharlann Chontae Mhaigh Eo

Oifig Oidhreachta Mhaigh Eo

Seirbhísí Ealaíon

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)




# LÁRIONAD OILIÚNA RÉIGIÚNACH CHAISLEÁN AN BHARRAIGH

**Le Comhairle Contae Mhaigh Eo ina Príomhúdarás, leanann Lárionad Oiliúna Réigiúnach Chaisleán an Bharraigh leis ag cur oiliúint don ionad oibre ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte le haghaidh sé húdarás áitiúla agus eagraíochtaí poiblí agus príobháideacha eile san Iarthar agus sa réigiúin Lár Tíre.**



Tá an lárionad creidiúnaithe ag SOLAS, QQI, City & Guilds agus an ECITB. Tá borradh leanúnach faoinár gcuid seirbhísí le roinnt blianta anuas, agus cuirimid breis is 5000 lá oiliúna ar fáil in aghaidh na bliana anois. Táimid féinmhaoinitheach, agus láimhdeachas de €1,024,630 againn in 2017. Bunaíodh Gréasán an Ionaid Oiliúna le go mbeadh sé níos éasca oiliúint chuí a chur ar fáil d'údaráis áitiúla i bpríomhréimsí oibríochtúla, ina measc Bóithre, Uisce agus Comhshaoil agus, le gairid, Seirbhísí Dóiteáin, Tithíocht agus Pleanáil. Cuireann Gréasán an Ionaid Oiliúna réimse leathan cúrsaí ar fáil chomh maith sa tSábháilteacht agus Sláinte Cheirde, san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, i gCeannaireacht agus i dTeicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide. Tá dearbhú cáilíochta ag go leor údarás áitiúil anois, ar nós creidiúnú OHSAS 18000/ISO 45000 agus tá caighdeáin arda ag an lárionad maidir le soláthar, cosaint sonraí agus dearbhú cáilíochta. Mar gheall ar an téarnamh atá ann i dtionscal na tógála, tá méadú ag teacht ar an éileamh ón earnáil phríobháideach agus ó bhaill foirne nua in údaráis áitiúla ar oiliúint ar ardchaighdeán. Rud amháin a chothaíonn an t-éileamh seo ná an traenáil éigeantach sa réimse nuashonraithe 'Oscailtí ar Bhóithre Poiblí a Bhainistiú'.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Faomhadh Cuid VIII faighte le saoráid oiliúna allamuigh úrscothach a fhorbairt ar mhaithe le cúrsaí a sholáthar maidir le bóithre agus maidir le gléasra agus innealra - cúrsaí nach raibh ar fáil go dtí seo ach amháin i mBaile Átha Cliath.
- Mórbhuaiteoir sa Chatagóir Oiliúna agus Forbartha de chuid *Public Sector Magazine*

## 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Breis is **5,000** laethanta oilúna curtha ar fáil

Láimhdeachas de **€1,024,630**

# GNÓTHAÍ CORPARÁIDEACHA



## SAORÁIL FAISNÉISE

**129** an líon iarratas a fuarthas in 2017 faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo tiomanta d'Fhoghlaim agus d'Fhorbairt Acmhainní Daonna le go mbainfimid amach ár gcuspóirí agus ár spriocanna. Aithnímid gur mar gheall ar fhoireann oibre dhílis agus thiomanta atáimid ábalta seirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal. Táimid den bharúil go bhfuil sé tábhachtach spiorad foirne a chothú inár gcuid fostaithe go léir trí Phlean forásach Foghlama agus Forbartha a chur i bhfeidhm dár bhfostaithe i ngach réimse gníomhaíochtaí.

## CLÁR EITICÍ

Fuarthas Dearbhuithe Bliantúla do 2017 ó fhostaithe ábhartha agus ó bhaill thofa taobh istigh den tréimhse reachtúil, ach amháin i gcás triúr fostaithe. Fuarthas na trí dhearbhú chomhlánaithe ina dhiaidh sin, áfach.

## AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

Ní bhfuarthas gearán ar bith faoin Acht thuasluaite in 2017.

# AN RANNÓG UM PUNANN RÉADMHAOINE AGUS UM BAINISTÍOCHT SÓCHMHAINNÍ

Cuireadh an Rannóg um Punann Réadmhaoine agus um Bainistíocht Sócmhainní ar bun i mí Lúnasa 2017 le sócmhainní réadmhaoine de chuid na comhairle a aithint agus iad a bhainistiú go héifeachtach agus go feidhmiúil le hairgead a shábháil agus le hioncam a ghiniúint.

Go déanach in 2017 forbraíodh straitéis le creat a chur ar fáil don Rannóg um Punann Réadmhaoine agus um Bainistíocht Sócmhainní. Sa chreat seo, leagadh amach fís, ceithre Sprioc tacaíochta agus 21 Gníomh don tréimhse 2017-2021.


Tá an rannóg dírithe anois ar fhorbairt Cláir Réadmhaoine agus Cláir Léasa fíor-ama atá furasta le húsáid agus lena mbeifear in ann tuarascáil réadmhaoine a ghiniúint. Beidh naisc chomh maith chuig córais airgeadais na comhairle agus chuig an Chlár Sócmhainní Seasta.

# BUAICPHOINTÍ 2017

- Uasdátú an Chláir Sócmhainní Stáit
- Ullmhú Pleananna Bainistíochta um Fhorbairt Straitéiseach do Thithíocht Údaráis Áitiúil
- Tuarascáil Luach ar Airgead – Sócmhainní Corparáideacha

# CUMARSÁID

**Bliain ghnóthach, tháirgiúil a bhí in 2017 don Rannóg Cumarsáide, a bhíonn ag obair chun feasacht a ardú i measc an phobail maidir le ról agus páirt Chomhairle Contae Mhaigh Eo mar sholáthróir seirbhísí agus mar Cheannaire Pobail.**




Ag cur feabhais le caighdeán agus le scaipeadh eolais phoiblí maidir le seirbhísí agus beartais de chuid na Comhairle, tá an rannóg freagrach as an fhorbairt leanúnach ar chumarsáid sheachtrach Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Táthar freagrach chomh maith as an chumarsáid inmheánach a fheabhsú, as branda an chontae a chur chun cinn i measc an phríomhlucht spéise sa bhaile agus i gcéin, agus as seachadadh seirbhísí Oifig na Gaeilge agus an Chláir Um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ceann de na príomháiseanna tacaíochta a chuirtear ar fáil do rannóga éagsúla de chuid na Comhairle ná preasráitis agus ráitis mheáin a scríobh d'fhógraí poiblí, d'imeachtaí agus d'fheachtais.

Is é Mayo.ie suíomh idirlín an údaráis áitiúil, atá ann le Maigh Eo a chur os comhair an phobail mar áit iontach le cuairt a thabhairt uirthi, le teagmháil a dhéanamh léi agus le hinfheistiú inti. Tá sprioclucht féachana leathan ag an suíomh, lena n-áirítear pobail de bhunadh Mhaigh Eo sa bhaile agus i gcéin, cuairteoirí agus infheisteoirí féideartha agus duine ar bith ar mian leis nó léi níos mó a fhoghlaim faoinár gcontae. Tá eolas statach le fáil ar an suíomh, atá deartha i stíl an bhróisiúir, agus déantar nuacht agus imeachtaí a uasdátú ar bhonn laethúil chomh maith.  Úsáidtear suíomhanna meán sóisialta, go háirithe **Facebook** agus **Twitter**, le teagmháil a dhéanamh lenár lucht féachana.

Tá ról lárnach ag na bealaí cumarsáide seo, ag tacú leis an bhfoireann bainistíochta éigeandála an t-eolas is déanaí a thabhairt don phobal agus do na meáin agus le treoir a thabhairt ar chumarsáid ghéarchéime.



Reáchtáladh #MayoDay den chéad uair in 2015 mar thionscnamh speisialta dírithe ar theagmháil a dhéanamh le muintir Mhaigh Eo sa bhaile agus i gcéin agus lenár gcontae a cheiliúradh. Rinneadh Lá Mhaigh Eo 2017 a cheiliúradh thar thrí lá ó 29 Aibreán go 1 Bealtaine. I measc na n-imeachtaí a bhí i gceist bhí tinte ealaíne, athléirithe ar chathanna, ceolchoirmeacha beo, comhdhálacha, taispeántais Francach Éireannacha. Fuair gearrscannán bolscaireachta Lá Mhaigh Eo 'Ár nDaoine, Ár nÁit, Ár Lá' aitheantas idirnáisiúnta mar gheall ar an léiriú mothúchánach a thug sé ar an chontae.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Ár n-imeachtaí suaitheanta Naisc Mhaigh Eo-na Fraince, mar chuid d'imeachtaí Lá Mhaigh Eo, ó 29 Aibreán go dtí 1 Bealtaine i gceithre áit éagsúla i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh.
- I measc na bhféilte agus na n-imeachtaí ar tacaíodh leo bhí Gradaim Ghnó Mhaigh Eo, Mionmharatón Ban Iarthar na hÉireann, Gradaim Rehab do Phearsana na Bliana, Díospóireacht Scoile Chumann Mhaigh Eo Bhaile Átha Cliath, Tradfest Mhaigh Eo-Mhanchain, Ceathrú Mhaigh Eo ag an Chomórtas Náisiúnta Treabhdóireachta agus Craobhchomórtas Náisiúnta Peil na mBan na gColáistí Ard-Oideachais.
- Forbraíodh agus seoladh Cartlann Íomhánna Mhaigh Eo, acmhainn lárnach de ghrianghraif a tógadh ag rannóga de chuid na Comhairle. Tá an acmhainn ar fáil don fhoireann uile ag https://7551204.tifmember.com/
- Tarraingíodh aird ar mhórthionscnaimh agus ar mhórthionscadail de chuid na comhairle i ríomhirisí inmhéanacha agus seachtracha a foilsíodh go rialta.
- Bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo ar an ghearrliosta do Ghradam LAMA 2017 le 10 dtionscadal, an líon is mó riamh, thar 7 gcatagóir éagsúla. Bhí dhá thionscadal de chuid Mhaigh Eo i measc na mbuaiteoirí náisiúnta

## 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Tugadh cuairt ar Mayo.ie **600,000** uair in 2017, thuas ó **400,000** in 2016

Méadú **77%** ar líon na leantóirí Facebook go **23,463**

Tháinig méadú 34% ar leantóirí Twitter go **10,100**

Scaipeadh an físeán 'Ár nDaoine, Ár nÁit, Ár Lá' go mear ar fud an bhaill agus bhí sé ag treochtáil ag **Uimh. 20** ar YouTube

Chonacthas #MayoDay **16.9 milliún** uair ar Lá Mhaigh Eo agus **43 milliún uair** sna seachtainí thart ar Lá Mhaigh Eo

# OIFIG NA GAEILGE

**Déanann Oifig na Gaeilge úsáid na Gaeilge a chothú i gContae Mhaigh Eo agus déanann an Oifig Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus Beartas Teanga Chomhairle Contae Mhaigh Eo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**




Baineann tromlach d'obair na hoifige leis na nithe seo a leanas: baill foirne a chur ar an eolas faoi dhualgais na Comhairle ó thaobh na Gaeilge de; obair aistriúcháin; comhairle a thabhairt maidir le logainmneacha ar chomharthaí bóthair agus a chinntiú go mbíonn suíomhanna idirlín, foilseacháin, foirmeacha iarratais agus bileoga eolais ar fáil sa dá theanga oifigiúla.

Lena chois sin, cuireann an oifig tacaíocht ar fáil do raidhse grúpaí pobail agus féilte agus cuidítear leo maoiniú a fháil ó Fhoras na Gaeilge trí Scéim na Imeachtaí Óige - do chlubanna óige i Maigh Eo - agus Scéim na bhFéilte. I measc na n-imeachtaí ar tacaíodh leo bhí Comórtas Peile na Gaeltachta 2017 i dTuar Mhic Éadaigh.

Tacaíonn an oifig leis an phleanáil teanga ag leibhéal pobail, rud a bheidh lárnach in athshainiú na gceantar Gaeltachta.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Le Lá Mhaigh Eo 2017 a cheiliúradh, thacaigh Oifig na Gaeilge le rith de chuid Parkrun Iorrais a raibh an téama 'glas agus dearg' aige. Spreagadh rannpháirtithe le bheith ag rith agus dathanna an chontae orthu agus leis an Ghaeilge a úsáid le linn an reatha agus ag an stáisiún tae.
- Bhí Lá Spraoi Teaghlaigh trí Ghaeilge ar cheann den raidhse imeachtaí a d'eagraigh Oifig na Gaeilge le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain na Gaeilge 2017.
- Lean Oifig na Gaeilge uirthi ag eagrú Lón Gaeilge agus Maidin Caifé cúig huaire sa mhí.

## 2017 IN NUMBERS

### 3

Roghnaíodh triúr múinteoirí as Maigh Eo i gcomórtas iomaíoch le ranganna Gaeilge a mhúineadh i nGaeltacht Mheiriceá Thuaidh

### 30

D'fhreastail 30 ball foirne de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo ar ranganna de chuid an Teastais sa Ghaeilge Ghairmiúil a reáchtáil Gaelchultúr thar cheann Oifig na Gaeilge

# FEASACHT AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**I gcomhar leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo clár oideachais agus feasachta ar fáil maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre. Baintear úsáid as cur chuige gníomhach le haird a tharraingt ar an tábhacht a bhaineann le bheith cúramach agus ar an eolas faoi chontúirtí ar bhóithre Mhaigh Eo.**




Cuireann an t-Oifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre sraith clár um Shábháilteacht ar Bhóithre ar fáil don phobal i gcomhar le scoileanna agus coláistí, grúpaí pobail, eagraíochtaí spóirt, gnólachtaí agus tionscail áitiúla i Maigh Eo. San oideachas um shábháilteacht ar bhóithre, leagtar béim ar úsáideoirí soghonta bóithre, iompar agus dearcadh tiománaithe, freagracht shóisialta, tiomáint don obair, tiomáint lagaithe agus sábháilteacht rothaithe. Leis an Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre a chur i bhfeidhm, oibríonn an Oifig i gcomhar le Rannóga eile de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus leis an Chomhchoiste um Shábháilteacht ar Bhóithre sa Chontae, a chuimsíonn oifigigh i gComhairle Contae Mhaigh Eo, FSS an Iarthair, na Gardaí, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an TII. I rith an gheimhridh eisíonn an Oifig Um Shábháilteacht ar Bhóithre leideanna laethúla maidir le tiomáint sa gheimhreadh agus an clár cothabhála geimhridh.

I mí **Feabhra** gach bliain, eagraíonn Grúpa Oibre Mhaigh Eo um Shábháilteacht ar Bhóithre Taispeántas Taistil Mhaigh Eo um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá an taispeántas seo á reáchtáil ó bhí 2007 ann agus meallann sé lucht féachana de thart ar **1,500** daltaí ó **29 meánscoil**, scoileanna ó na contaetha máguaird ina measc.

**Áirítear sa seó seo cuir i láthair leis na daoine seo a leanas: baill an Gharda Síochána; baill de na Seirbhísí Otharchairr agus Dóiteáin; comhairleoir leighis lonnaithe i Rannóg Timpistí agus Éigeandála Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo; ball teaghlaigh de chuid duine a maraíodh i dtimpiste bóthair; duine a tháinig slán ó thimpiste bóthair agus adhlacóir, a thugann léargas ar a gcuid taithí ar a bheith ag plé le timpiste tromchúiseach bóthair. Tá an Taispeántas Taistil ionraic seo dírithe ar mhic léinn idirbhliana, chun tiománaithe óga agus iad siúd atá ag tosú amach mar thiománaithe a spreagadh le meon níos freagraí a bheith acu ó thaobh a gcuid nósanna tiomána de.**

## An Clár Oideachais

Mar chuid den **Chlár Oideachais**, tugann an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairt ar scoileanna agus cuirtear Scéim an Mhaoir Óig agus Scéim Oiliúna Rothaíochta chun cinn i scoileanna. Le comhoibriú na múinteoirí, an Gharda Síochána agus tuismitheoirí, bíonn na scéimeanna seo an-éifeachtach le feasacht a ardú ar Shábháilteacht ar Bhóithre.

## Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre

Tacaíonn an Oifig um Shábháilteacht ar Bhóithre le Scéimeanna na Maor Óg; ceann amháin i mBéal Átha na Muice agus ceann eile ag Scoil Náisiúnta na Céibhe, Béal an Átha. Soláthraíonn an Chomhairle Contae na héidí agus na comharthaí do na scoileanna. Déantar marcanna bóthair a uasdátú ar bhonn rialta. Murach tacaíocht fhonnmhar na bpríomhoidí scoile ní fhéadfaí an scéim a choinneáil ag dul.

## Cur chun cinn ginearálta na Sábháilteachta ar Bhóithre sna meáin chumarsáide áitiúla

Feidhmíonn an Chomhairle Contae mar chrann taca don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus eagraíonn an Chomhairle bolscaireacht ghinearálta sna nuachtáin áitiúla chomh maith.



# AILTIRÍ

**Oifig ildisciplíneach is ea Rannóg na nAiltirí, a sholáthraíonn seirbhísí lárnacha Deartha, Soláthair, Bainistíochta, Ailtireachta, Pleanála agus Comhairleoireachta do rannóga agus stiúrthóireachtaí réigiúnacha uile de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo.**



Tá daoine le réimse leathan sainscileanna teicniúla ar fáil sa rannóg, ina measc ailtirí (saineolas caomhantais san áireamh), innealtóirí, teicneoirí ailtireachta agus sibhialta, gairneoirí, cléirigh oibreacha agus foireann cléireachais.

## BUAICPHOINTÍ 2017

**I measc na mórthionscadal a tugadh fúthu in 2017 bhí:**

- Linn Snámha Chaisleán an Bharraigh
- Forbairt Tithíochta Chnoc an Tobair
- Ionad Fiontair Leeson, Cathair na Mart
- Ionad Seirbhísí Gníomhaíochta na Mala Raithní
- Athchóiriú Linn Snámha Allamuigh Bhaile Chathail
- Oifig Turasóireachta Bhéal an Átha
- Clóis Súgartha éagsúla agus Limistéir Ilúsáide Cluichí
- Oibreacha Caomhantais Ailtireachta agus Laethanta Staidéir Poiblí gaolmhara

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Infheistíodh **€600,000** i gclóis súgartha agus Limistéir Ilúsáide Cluichí

Cuireadh **69** dTeach san iomlán ar fáil i bhforbairt Chnoc an Tobair, Cathair na Mart

Tá Linn Snámha Chaisleán an Bharraigh – forbairt **€12.5 milliún** - gar do bheith críochnaithe



# LEABHARLANN CHONTAE MHAIGH EO

**An eagraíocht oidhreachta nó cultúrtha is mó sa chontae, mheall leabharlanna Mhaigh Eo 360,000 cuairteoirí in 2017. Reáchtáil Leabharlanna Mhaigh Eo breis is 300 imeacht i rith na bliana mar chuid de chlár leitheadach cultúrtha, ina measc réimse leathan imeachtaí do pháistí. An Fhéile Leabhar do Pháistí i mí Dheireadh Fómhair a bhí mar bhuaicphointe na n-imeachtaí, féile a mhair an mhí ar fad.**



Is tionscnamh cúig bliana de chuid an Rialtais é Éire Ildánach, dírithe ar chruthaitheacht a chur i gcroílár an bheartais phoiblí. Cuireann sé ar chumas na n-údarás áitiúil daoine a spreagadh le bheith rannpháirteach i gcúrsaí ealaíon agus cultúir. Bunaíodh Foireann Chultúrtha taobh istigh den Comhairle, a chuimsíonn an Leabharlann, an Oifig Ealaíon, an Oifig Oidhreachta, Turasóireacht agus pearsanra ábhartha eile le comhoibriú a uasmhéadú agus le díriú ar chumas na comhairle gníomhaíochtaí cruthaitheacha a spreagadh agus a chothú.

Tá an réimse cuimsitheach tionscnamh TFC ar cheann de na cúiseanna a éiríonn leis an tSeirbhís Leabharlainne i bhfad níos mó cuairteanna a mhealladh ná eagraíocht chultúrtha nó oidhreachta ar bith eile sa chontae.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Tá Seirbhís Leabharlainne Mhaigh Eo tar éis plean gníomhaíochta Ceart chun Léamh a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí áitiúla ar suim leo litearthacht teaghlaigh a fhorbairt agus a chur chun cinn
- Mar gheall ar an tseirbhís seachadta náisiúnta nua, is féidir leabhair ó leabharlann ar bith sa tír a sheachadadh taobh istigh de dhá lá
- Is clár é Am Léitheoireachta a chuidíonn le grá don léitheoireacht a chothú i bpáistí, chomh maith lena bhféinmhuinín agus a bhféinmheas a threisiú. Is oibrithe deonacha aosacha a bhíonn á eagrú, baill foirne de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo ina measc, agus léann siad do pháistí i scoileanna faoi mhíbhuntáiste thar thréimhse 20 seachtain.
- Clár bliantúil gníomhaíochtaí ealaíon agus machnamh cultúrtha le linn na Cásca atá in Cruinniú na Cásca. Rinneadh é a cheiliúradh le *Bee Creative* i mBéal an Átha, lá spraoi teaghlaigh i ngairdín Ionad Bhailiúchán Jackie Clarke, le ceiliúradh a dhéanamh ar ár mbeacha fiáine
- Le haghaidh Sheachtain na Gaeilge i mí an Mhárta, eagraíodh imeachtaí éagsúla trí mheán na Gaeilge i leabharlanna ar fud an chontae

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

## 600,000

Thug 24,000 ball de chuid Leabharlann Chontae Mhaigh Eo breis is 600,000 leabhar ar iasacht.

## 825

Léigh 825 pháiste breis is 7,000 leabhar mar chuid de Dhúshláin Léitheoireachta an tSamhraidh.

## 1,000

Is í Leabharlann Chontae Mhaigh Eo an t-aon seirbhís leabharlainne in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe a chuireann ar fáil an Scéim Iasachta Uirlisí Ceoil agus tugadh breis is 1000 uirlis ar iasacht ar fud an chontae in 2017.

## 50,000

Cuireadh Bailiúchán Liam Lyons, a chuimsíonn breis is 50,000 íomhá, ar fáil ar an idirlín in 2017.

# Bailiúchán Jackie Clarke

### Route Millennia Mayo

D'éirigh go maith le comhfhiontar a rinneadh le taitneamhachtaí cultúrtha eile sa chontae le comhfheachtas margaíochta Route Millennia Mayo a fhorbairt.

### Céide Coastline

Bhí an bailiúchán san áireamh nuair a áiríodh Céide Coastline ar an ngearrliosta **do na 3 háit is mó tóir** de chuid Ghradam Eden

### Gradaim LAMA

Bhí clár oideachais an bhailiúcháin i measc na n-iomaitheoirí i ngradaim LAMA

### Gradam Thionscal Turasóireachta na hÉireann

Gradaim Thionscal Turasóireachta na hÉireann – Bhí an Bailiúchán féin i measc na gcraobhiomaitheoirí i nGradaim Thionscal Turasóireachta na hÉireann

### Suíomh nua idirlín

Forbraíodh suíomh nua móibíleach

### 29,164 Cuairteoirí

in 2017, figiúr a sháraigh an sprioc 25,000 a bhí ag Fáilte Éireann

### Clár intéirneachta

Reáchtáladh an chéad chlár intéirneachta Meiriceánach nuair a d'fháiltigh foireann an bhailiúcháin roimh bheirt mhac léinn ó Ollscoil Villanova, Pennsylvania

### Suíomh "Nach mór cuairt a thabhairt air"

Faigheann gairdín an Bhailiúcháin moladh i gcónaí. Mheas moltóirí na mBailte Slachtmhara gur suíomh é 'nach mór cuairt a thabhairt air, a bhfuil fáil air ag gach duine agus é an-ghleoite ar fad.'

### Searmanas Sibhialta Faoin Aer

Reáchtáladh an chéad searmanas sibhialta taobh amuigh i mí Iúil 2017

# OIFIG OIDHREACHTA MHAIGH EO

**Cuireann an Oifig Oidhreachta roimpi feasacht, suim, eolas, bród agus caomhnú a chur chun cinn i dtaobh oidhreacht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha an chontae.**



## BUAICPHOINTÍ 2017

- Reáchtáladh clár ilghnéitheach agus eicléicteach de bhreis is 120 imeacht le linn na seachtaine Oidhreachta; siúlóidí, léachtaí agus taispeántais oidhreachta ina measc.
- Bhí Béal an Átha ar cheann de sheacht mbaile a roghnaíodh le páirt a ghlacadh sa chlár 'píolótach' trasdisciplíneach ar a dtugtar an **Clár Náisiúnta Oiliúna um Thástáil Beochta Láir Bhailte (TBLB).**

## 2017

In 2017, lean an Oifig Oidhreachta uirthi ag obair le pobail, ag cuidiú leo eolas a bhailiú faoina gcuid oidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha agus í a chosaint agus a chur chun cinn. **I measc na n-eochairthionscadail ar tugadh fúthu bhí:**

- Plean Caomhnaithe agus Bainistíochta do Reilig Chill tSéine, Baingear
- Taighde agus forbairt ar Chonair Seandálaíochta i gCill Mobhí
- Plean Bithéagsúlachta Choillearnach Mhuraisce
- Cur i bhfeidhm Plean Caomhnaithe do Reilig Cheathrú na Leice, Baile an Róba
- Forbairt Ghairdín Fiadhúlra agus Pailneoirí i mBaile an Daighin
- Tionscadal Bithéagsúlachta agus Fiadhúlra Shráidbhaile Chill Mheáin

## Pleananna Ríochta Poiblí

In 2017, tugadh faoi obair le haghaidh Pleananna Ríochta Poiblí a ullmhú do Bhaile an Róba, do Bhéal an Átha agus do Chnoc Mhuire. Forbraíodh comhfhís d'fhorbairt na mbailte sa todhchaí i sraith ceardlann pobail agus cruinnithe le páirtithe leasmhara. An sprioc a bhí acu ná caighdeán na timpeallachta tógtha a fheabhsú do chónaitheoirí, gnólachtaí agus cuairteoirí ar an bhaile.

## Baile an Róba Beoga

I mBealtaine 2017, reáchtáladh Lá Spraoi Teaghlaigh ar an Phríomhshráid i mBaile an Róba i gcomhar le hOifig Ceantair Bhaile an Róba agus Foireann an Bhaile. Ceann de na haidhmeanna a bhí leis an imeacht seo ná aird a tharraingt ar na féidearthachtaí a bhaineann leis an Phríomhshráid mar spás poiblí d'imeachtaí agus gníomhaíochtaí, agus le spéis an phobail a mhúscailt sa Phlean Ríochta Poiblí.

## Tionscadal Léarscáilithe Gnáthóg Mhaigh Eo

Cuireadh tús leis an tionscadal seo in 2014, agus leanadh ar aghaidh leis an obair in 2017 le léarscáiliú gnáthóg i gCathair na Mart, Baile an Róba, agus Baile an Chaisil. Rinneadh oidhreacht nádúrtha na n-áiteanna seo a mheas agus ullmhaíodh clár bainistíochta bithéagsúlachta ina bhfuil moltaí ar bhearta praiticiúla dírithe ar oidhreacht nádúrtha na mbailte móra agus na sráidbhailte a fheabhsú agus a chaomhnú.

## Ceardlanna ar Phailneoirí

Reáchtáladh Ceardlanna i gCaisleán an Bharraigh, i gCathair na Mart agus i gCrois Mhaoilíona le réamheolas a thabhairt ar phailneoirí dúchasacha agus ar an Tionscadal Uile-Éireann dírithe ar iad a chosaint. Pailneoirí agus pailneoireacht a bhí mar théama ag an imeacht Bee Creative, a reáchtáladh i nGairdín Leabharlann Jackie Clarke le Cruinniú na Cásca a cheiliúradh. Reáchtáladh cainteanna ar phailneoirí, le cois ceardlann i ndéanamh puipéad do pháistí.

## Féilire Oidhreachta Mhaigh Eo 2017

Ba é an téama a roghnaíodh d'fhéilire 2017 ná Oidhreacht Thógtha. Léirítear san fhéile rogha foirgneamh agus struchtúr oidhreachta stairiúil ar fud an chontae.

## Féile Ballaí Cloiche na Mala Raithní

Bhí an tríú Féile Bliantúil Ballaí Cloiche na Mala Raithní ar siúl ón 12-14 Bealtaine 2017. Cuireadh clár spreagúil de léachtaí, taispeántais, ceardlanna agus siamsa áitiúil le chéile don fhéile, a d'eagraigh an Oifig Oidhreachta i gcomhar le Grúpa Comhshaoil na Mala Raithní, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.

Reáchtáladh clár ilghnéitheach agus eicléicteach de bhreis is 120 imeacht le linn na Seachtaine Oidhreachta; siúlóidí, léachtaí agus taispeántais oidhreachta ina measc. Ba é téama na seachtaine (19 go 27 Lúnasa 2017) ná "Tá sé sa nádúr agat". Tharraing na himeachtaí seo, cuid mhór acu á reáchtáil ag pobail áitiúla, aird ar shaibhreas agus éagsúlacht na hoidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha sa chontae. Thug Scéim Deontais Seachtaine Oidhreachta Chomhairle Contae Mhaigh Eo tacaíocht do 32 pobal chun imeachtaí a eagrú agus a óstáil.

# AN tSEIRBHÍS EALAÍON

**Tacaíonn an tSeirbhís Ealaíon le healaíontóirí agus le daoine a chleachtann na healaíona i Maigh Eo, bíodh siad ina gcónaí nó ag obair anseo, chun cuidiú leo barr a gcumais a bhaint amach ó thaobh na cruthaitheachta de. An bhunsprioc leis an tseirbhís fhorásach fhreagrúil seo ná tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a chruthaíonn ealaín agus a bhíonn páirteach sna healaíona, ag leibhéal ar bith.**



Cuirtear eolas ar fáil do ghrúpaí pobail, ealaíontóirí agus eagraíochtaí ealaíon maidir leis na healaíona, conas iad a chur chun cinn agus conas teacht ar fhoinsí maoinithe do thionscadail agus do chláir.

Feidhmíonn an Tionscadal um Ilchineálacht Chultúrtha, le tacaíocht ón Chomhairle Ealaíon, i gComhpháirtíocht le Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, le seirbhísí ealaíon a chruthú ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus le deiseanna a chur ar fáil d'ealaíontóirí a bheith ag obair i gcomhthéacsanna idirchultúrtha.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Chuir Artsquad Mhaigh Eo tacaíocht ar fáil d'imeachtaí pobail sa chontae, imeacht Oíche Shamhna in Tacú Bhaile an Róba agus Riverfest Bhéal Easa ina measc.
- Reáchtáladh próiséas leathan comhairliúcháin maidir leis an Phlean Ealaíon nua don tréimhse 2018-2022.
- Tríd an Chlár Comhpháirtíochta d'Ilchineálacht Chultúrtha agus Bealtaine 2017, Clár Ealaíon do Dhaoine Aosta, rinneadh teagmháil le hionaid ealaíon agus aonaid altranais timpeall an chontae.
- Ainmniúcháin Gradaim LAMA: Ainmníodh an coimisiún 'Silent Moves' de chuid na Comhpháirtíochta IGNITE in dhá chatagóir agus bhí Tionscadal LUISNE ar an ghearrliosta i gcatagóir amháin.
- Forbraíodh comharthaí nua agus suíomh idirlín nua do Shlí Thír Sáile i dTuaisceart Mhaigh Eo, mar aon le hoibreacha deisiúcháin.
- Rinneadh Lá Éigse Éireann a cheiliúradh le léamh filíochta beo ar MidWest Radio ó bheirt fhilí ó Chontae Mhaigh Eo.

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Le hOíche Chultúir 2017 a cheiliúradh, ghlac **41** eagraíocht páirt i **70** imeacht saor in aisce ag **21** ionad ar fud Mhaigh Eo in 2017

Bhí **24** duine óg páirteach in Amharclannaíocht Óige Mhaigh Eo 2017 i mBéal an Átha, ag léiriú dráma agus ag glacadh páirt i dturais amharclainne agus i bhFéile na hAmharclannaíochta Naisiúnta Óige.

Tugadh maoiniú do **6** chlár comhpháirtíochta faoi **UPSTART, an Clár Ealaíon do Dhaoine faoi Mhíchumas,** le léirithe i **5** ionad i mí na Nollag.

Phléigh Film Mayo, tionscnamh de chuid na hOifige Ealaíon, le breis is **30** ceist léiriúcháin a bhain le scannáin, cláir faisnéise idirnáisiúnta, sraitheanna teilifíse, comhlachtaí fógraíochta agus scannánóirí, maidir le suíomhanna, criúnna agus ceadanna.

Dáileadh maoiniú de **€144,000** ar ionaid ealaíon timpeall an chontae chun cabhrú le cláir.

Eisíodh **23** Deontas faoin Acht Ealaíon agus **3** Sparánacht Tyrone Guthrie de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo in 2017.

Thug Clár na nEalaíon san Oideachas cuairt ar **2** scoil le Taispeántas Scoileanna CCME.

# TEICNEOLAÍOCHTAÍ FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE (TFC)

**Lean Rannóg na gCóras Faisnéise (CF) uirthi ag déanamh cothabhála agus ag tacú le riachtanais TCF Chomhairle Contae Mhaigh Eo.**




Le cois tacaíocht a chur ar fáil do chórais agus bonneagar na Comhairle i gcomhair oibríochtaí laethúla, rinne an Rannóg CF roinnt príomhthionscnamh straitéiseach a chur i gcríoch. Mar chuid de chlár athraithe digitigh ar fud na heagraíochta, a thugann tús áite don digitiú, cuireadh pleananna i bhfeidhm le teicneolaíochtaí den chéad ghlúin eile a fhorbairt.

Ábhar imní é an tslándáil don rannóg CF agus tá an Rannóg ar cheann de líon beag údarás áitiúil sa chontae a choinníonn i gcónaí a deimhniú ISO27001:2005. Leanadh den ullmhúchán do thabhairt isteach RGCS i rith na bliana, le hoiliúint foirne agus rangú taifead mar bhunchlocha i seachadadh stóir leictreonaigh atá slán seasmhach.

Rinneadh feidhmchláir néalbhunaithe a leathnú amach lena n-áiríodh aistriú ó chóras ríomhphoist ar an áitreabh, le himscaradh áitiúil, go réiteach néalbhunaithe a mbíonn fáil air áit ar bith, am ar bith. Le cois an córas ríomhphoist a uasghrádú, chuir an chomhairle tús leis an bpróiséas aistrithe go córas fóin den chineál is úire. Leis an gcóras nua Skype for Business, ní hamháin go bhfuiltear ag bogadh ó ghutháin deisce traidisiúnta go gutháin 'bhoga' bunaithe ar fhearas cinn, ach cuirtear leis an chumas físchomhdhála, rud a ghearann siar ar an ghá a bheith ag taisteal agus a cheadaíonn comhoibriú ó chian idir páirtithe inmheánacha agus seachtracha.

Tarraingíodh aird ar rannpháirtíocht le comhpháirtithe tionscail nuair a fograíodh comhpháirtíocht straitéiseach le Microsoft san Irish Times. San alt, aithníodh Comhairle Contae Mhaigh Eo mar cheannaire don earnáil rialtais áitiúil, agus éifeachtúlacht á cur chun cinn acu trí úsáid na teicneolaíochta.

Tacaíonn an chomhpháirtíocht le Microsoft le hiarrachtaí ar sheirbhísí níos fearr a chur ar fáil dár saoránaigh trí bhealaí cumarsáide ar líne agus trí chórais chomhtháite chúloifige. Mar phríomhspreagadh i gceapadh ár gcuid straitéisí, aithnímid go gcaithfear leas a bhaint as an teicneolaíocht agus níos mó dár saoránach tar éis fás aníos i dtimpeallacht dhigiteach. Leanfar leis an bhéim seo sna blianta amach romhainn.



# PLEANÁIL, FORBAIRT POBAIL AGUS EACNAMAÍOCH

## SA MHÍR SEO

Rannphháirtíocht sa Phobal

Coiste Contae i gCúram Leanaí

Comhpháirtíocht Spóirt Mhaigh Eo

Oifig Fiontair Áitiúil

Invest

Forbairt Turasóireachta

Aonad Forbartha Digití agus Leathanbhanda

Pleanáil agus Forbairt

Forfheidhmiú Pleanála





# RANNPHAIRTÍOCHT SA PHOBAL

**Cuireadh an Rannóg seo ar bun chun folláine an phobail a neartú agus a fheabhsú ar na bealaí seo a leanas: Rannpháirtíocht a ghríosadh – saoránaigh a chumasú le páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i gceapadh beartais, dírithe ar an chaighdeán maireachtála a fheabhsú do chách; Comhpháirtíochtaí Straitéiseacha a Fhorbairt - obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile agus leis an earnáil dheonach le torthaí níos fearr a bhaint amach do phobail ar fud an chontae i réimsí na forbartha pobail, spórt agus cúraim leanaí;  Maoirseacht: Trédhearcacht agus dea-rialachas a chinntiú i riaradh na gclár a thacaíonn le forbairt pobail, spóirt agus cúraim leanaí.**

Ag éascú agus ag tacú le Forbairt Chomhtháite, Forbairt Pobail agus Ionchuimsitheacht Shóisialta

# BUAICPHOINTÍ

**Buaicphointí maidir le Rannpháirtíocht sa Phobal 2017:**

- An chomhdháil *Aging Society*, Bealtaine 2017, ITGM
- An chomhdháil *Liberty Tree*, Aibreán 2017, ITGM
- Daingniú an Phrótacail le Coiste um Sheirbhísí do Pháistí agus Daoine Óga Mhaigh Eo
- D'eirigh le hiarratas ar mhaoiniú a cuireadh chuig ciste Éire Shláintiúil
- An tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta, Meán Fómhair 2017
- Fuaireamar stádas Contae Sláintiúil mar chuid de Thionscadal Cathracha agus Contaetha Sláintiúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte
- Rinneadh dul chun cinn leis an tionscadal *'New Answers for Youth – Better Futures for Europe'* le tíortha comhpháirtíochta - an Bhulgáir, an Iodáil agus an Spáinn
- Pobal Áth Tí an Mheasaigh mar mhórbhuaiteoir sa Chomórtas Mórtais Ceantair i gCatagóir Daonra 0-300
- Rinneadh dul chun cinn leis an Chlár Aoisbhá nuair a reáchtáladh an chéad Chruinniú Cinn Bhliana de Chomhairle Dhaoine Scothaosta Mhaigh Eo i mí na Samhna agus an clár spóirt 'Go For Life' i mBéal Átha na Muice.
- Seoladh Plean Pobal Feasta Acla 2018 – 2023
- Faoi dheireadh 2017, athlonnaíodh 114 daoine i Maigh Eo ó limistéir choimhlinte, lena n-áirítear Siria, arna éascú ag an Choiste Athlonnaithe Dídeanaithe
- D'fhreastail 270 duine óg ar chruinniú cinn bhliana Chomhairle na nÓg. Bhí 86% de na scoileanna dara leibhéil páirteach ann agus 58 mball ó cheantair éagsúla timpeall an chontae.

# TORTHAÍ MAOINITHE 2017

| FOINSE | LEITHDHÁILEADH IOMLÁN | LÍON NA DTIONSCADAL A MAOINÍODH |
|---|---|---|
| ACPIF (Athbheochan Ceantar trí Phleanáil, Infheistíocht agus Forbairt) | €64,500 | 29 |
| Scéim Áiseanna Pobal | €64,500 | 138 |
| Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte | €1,348,178 | 14 |
| LEADER | €2,100,000 | 47 |

**Lena chois sin, chuir an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhachtú Pobail (CISGP), a cuireadh i gcríoch ag deireadh 2017, €1,241,006 ar fáil i dtrí mhír timpeall an chontae, sárú 23% ar an meán thar na míreanna ar spriocanna na bliana. Cuireadh tús leis an dara clár CISGP in Eanáir 2018.**

### COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL MHAIGH EO (CFPÁ):

10 n-uaire in 2017 a bhuail an Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil le chéile, ar Coiste de Bhaill Reachtúla agus Neamhreachtúla é. Cuimsíonn an coiste seo 4 ghrúpa oibre, a fheidhmíonn mar chuid de struchtúir CFPÁ: Oideachas & Oiliúint, Sláinte & Folláine, Ionchuimsiú Sóisialta & Forbairt Pobail agus Cultúr, Oidhreacht, Comhshaol & Teanga.

Is é príomhthasc an choiste ná Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) 6 bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don chontae agus is ar an choiste a bhfuil an phríomhfhreagracht as maoiniú forbartha áitiúla agus pobail a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú i gContae Mhaigh Eo i.e cláir CISGP (Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gríosú Pobail) agus LEADER. Cuireann an coiste cur chuige comhleanúnach agus comhordú níos fearr ar fáil do chur i bhfeidhm, seachadadh agus measúnú clár forbartha áitiúla agus pobail.

### LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL (LRP)

Brateagraíocht neamhspleách atá san LRP, a thugann guth do ghrúpaí deonacha, grúpaí comhshaoil agus grúpaí um ionchuimsiú sóisialta ar fud an chontae. Rinne an LRP cruinnithe iomlánacha a reáchtáil sna ceithre Cheantar Bhardasacha i Mí an Mhárta agus i Mí Mheán Fómhair le deis a thabhairt do ghrúpaí ceisteanna áitiúla a phlé.

The Aontaíodh bunreacht an líonra mar aon le buiséad agus plean oibre do 2017 ag cruinniú iomlánach i gCaisleán an Bharraigh in Aibreán 2017. Cuireadh ionduchtú ar fáil d'ionadaithe nua agus bunaíodh nascghrúpaí do na coistí uile a bhfuil ionadaithe LRP acu.

**Eisítear ríomh-nuachtlitir dhá uair sa mhí anois agus le linn 2017, chláraigh 115 grúpa nua leis an líonra.**

## AN COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

Fóram chun tacú le comhairleoireacht agus comhoibriú ar cheisteanna póilíneachta agus coiriúlachta idir An Garda Síochána, oifigigh agus comhaltaí tofa údarás áitiúil agus na hearnálacha pobail agus deonacha. Bhí trí chruinniú le linn 2017 agus ba iad na príomhréimsí oibre don bhliain ná:



- **Sábháilteacht ar Bhóithre**
- **Bainistíocht Eastát**

  Comhoibriú le *Clúid Housing* le dul i ngleic le hiompar núíse agus frithshóisialta chun sochair ár dtionóntaithe i bpobail agus in eastáit le tionacht mheasctha.
- **Cur chun cinn an Bheartais Cheartais**
- **Scéimeanna TCI (Teilifís Ciorcaid Íata)**
- **Cláir Athlonnaithe an UNHCR**

  leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
- **Sábháilteacht Feirme**

## POBAL FEASTA MHAIGH EO

Comhpháirtíocht de Phobail agus Gníomhaireachtaí a bunaíodh mar fhochoiste ag Fóram Pobail an Chontae in 2005 leis na spriocanna seo a leanas: Cuidiú le pobail Pleananna Gníomhaíochtaí Pobail a ullmhú; níos mó daoine a spreagadh le bheith níos gníomhaí ina gcuid pobal; eagraíochtaí áitiúla pobail a neartú agus a fhorbairt; cuidiú le pobail tionscadail agus gníomhaíochtaí tosaíochta a aithint agus a fhorbairt agus ionadaíocht a dhéanamh ar son na bpobal seo ag leibhéil áitiúla, contae agus náisiúnta.

Le linn 2017 chuir Acaill an Plean Gníomhaíochta Pobal Feasta Acla 2018 go 2023 i gcríoch. Treoir a bheidh sa phlean seo maidir leis an méid ba mhaith leis an phobal a bhaint amach sa chúig bliana amach romhainn. Seoladh pleananna athnuachana do Bhalla agus do Bhéal Easa freisin le linn 2017.

# COISTE CONTAE MHAIGH EO I gCÚRAM LEANAÍ



**Tacaíonn Coiste Contae Mhaigh Eo i gCúram Leanaí le cláir cúraim agus oideachais luathóige a chur ar fáil i Maigh Eo agus oibríonn sé i gcomhpháirt agus i gcomhar leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Pobal agus na páirtithe leasmhara uile taobh istigh den earnáil cúraim leanaí.**



Cuireann an coiste eolas, tacaíocht agus treoir ar fáil faoi Mhaoiniú Náisiúnta um Chúram Leanaí agus cláir ghaolmhara do thuismitheoirí, do sheirbhísí luathbhlianta agus do ghníomhaireachtaí áitiúla a chuireann tacaíocht oideachais agus airgeadais ar fáil do na grúpaí seo. I measc na gclár a chuirtear chun cinn tá an Scéim Cúraim agus Oideachais Luath-Óige; An Fóirdheontas um Chúram Leanaí Pobail ; Clár Oiliúna agus Fostaíochta i gCúram Leanaí; An Fóirdheontas Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail; Aistear agus Siolta – na creataí náisiúnta cáilíochta agus curaclaim do na Luathbhlianta; Scéimeanna Deontais Tuismitheoirí is Lapadán; Scéimeanna Deontais d'Fhorbairt Feighlíochta Leanaí; Ciste Sparánachta d'Fhoghlaimeoirí agus Scéimeanna Deontais Caipitil ar Mhionscála.

# BUAICPHOINTÍ 2017

- I gcomhpháirt le Music Generation Mhaigh Eo cuireadh 'Soundworlds' ar fáil do 11 seirbhís luathbhlianta. Clár ceoil luathbhlianta atá ann, nach bhfuil ar fáil ach i gCo. Mhaigh Eo amháin.
- Foilsíodh 4 eagrán de nuachtlitir an choiste, a chuireann treoir phraiticiúil ar fáil ar réimse leathan tionscnamh agus ceisteanna. Scaiptear gach eagrán ar thuairim is 2,000 duine.
- Tacaíodh le Lá Súgartha Faoin Aer le Lá Idirnáisiúnta na bPáistí a cheiliúradh. Rinne Campas Mhaigh Eo de chuid ITGM é seo a eagrú, i gcomhar le Seirbhísí Leanaí agus Óige Mhaigh Eo agus Coiste Mhaigh Eo i gCúram Leanaí
- The Cuireadh an clár nua Ióga Luathbhlianta ar fáil do dhá sheirbhís éagsúla sa chontae

Tacaíodh le **129** seirbhís luathbhlianta le **3,000** páiste san iomlán timpeall Mhaigh Eo

Fuair **9** oibrí luathbhlianta maoiniú **€750** an duine le híoc as costas mhórcháilíochta i gCúram Leanaí agus Oideachas Luathbhlianta ag Leibhéal 7, 8 nó 9

Seimineár ar Fholláine agus Ionchuimsiú curtha ar fáil i mí Mheán Fómhair do bhreis is **100 oibrithe agus gairmithe luathbhlianta,** mar chuid den tSeachtain Feasachta Náisiúnta ar Ionchuimsiú Sóisialta

Fuair 27 Grúpa Tuismitheoirí & Lapadán **€14,050** san iomlán faoin Tionscnamh náisiúnta Tuismitheoirí agus Lapadán

Dáileadh Deontais Forbartha Feighlithe Leanaí de **€12,500** ar **13 feighlí leanaí**

Oiliúint i gCosaint agus Leas Leanaí curtha ar fáil do **51 oibrí cúraim leanaí** ó 38 seirbhís

Cuireadh Oiliúint um Chomhionannas, Ilghnéitheacht agus Ionchuimsiú ar fáil do **90 oibrí cúraim leanaí** ó 68 seirbhís

Éascaíodh infheistíocht maoinithe caipitil de **€326,925.52** in 26 sheirbhís luathbhlianta

Rinneadh maoiniú caipitil de **€30,000** a éascú do 5 Sheirbhís Cúraim Leanaí do Pháistí ag Aois Scoile

# COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHAIGH EO

**Is é aidhm na Comhpháirtíochta Spóirt ná cur le rannpháirtíocht i spórt agus i ngníomhaíocht fhisiciúil i measc earnálacha uile an phobail, trí eolas a roinnt, oideachas a chur ar fáil agus beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.**




Déantar cláir a éascú agus a chomhordú ag leibhéal áitiúil, ag díriú ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, na cinn seo a leanas ina measc: daoine óga i mbaol, daoine faoi mhíchumas, cailíní sna déaga, mná, mionlaigh eitneacha – daoine den lucht siúil san áireamh, daoine breacaosta agus daoine dífhostaithe.

Cuireann an bhunfhoireann, mar aon le foireann de beagnach 30 teagascóir/oide cláir oiliúna agus rannpháirtíochta ar fáil ar son na Comhpháirtíochta i réimsí éagsúla, lena n-áirítear Slánchumhdach, Forbairt Clubanna, Oiliúint Ceannaireachta agus eile.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Ceapadh comhordaitheoirí Mol Spóirt Pobail i mBéal Átha hAmhnais agus i mBaile an Róba
- Tacaíodh leis an chúigiú Parkrun a chur ar bun i gClár Chlainne Mhuiris, le cois na cinn atá ann cheana i mBéal an Átha, Caisleán an Bharraigh, Cathair na Mart agus Iorras.
- Buaiteoir Gradam LAMA sa chatagóir Sláinte agus Folláine don tionscnamh 'Fir ar a gCos'
- Thacaigh CSME le Club CLG Bhéal Átha hAmhnais, buaiteoirí Ghradam LAMA sa chatagóir Club Spóirt na Bliana.
- Reáchtáladh an 8ú Mionmharatón Iarthar na hÉireann agus Spraoi-Rith na mBunscoileanna
- Cúrsa Oiliúna do Chóitseálaithe Spóirt, 'Goal to Work', curtha i gcríoch in Acaill agus i mBaile an Róba
- 'Clár Surfála 'Surf to Heal' - do pháistí a bhfuil uathachas orthu agus do pháistí a bhfuil deacrachtaí foghlama eile acu - curtha i gcríoch ag Trá Cheathrú an Uisce

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

## 3

Champa Samhraidh atá cuimsitheach go sóisialta eagraithe i mBéal an Mhuirthead, Baile Átha hAmhnais agus Caisleán an Bharraigh

## 9

An tionscnamh '**Fir ar a gCos**' i bhfeidhm anois i 9 n-áit timpeall an chontae

## 23

23 imeacht áitiúla eagraithe le haghaidh **Seachtain na Rothar 2017**

## 1,600

Ghlac 1,600 duine idir reathaithe, bhogshodairí agus siúlóirí páirt i Mionmharatón Ban Iarthar na hÉireann

## 400

D'fhreastail 400 duine idir mhic léinn, mheantóirí, mhúinteoirí, thuismitheoirí agus chóitseálaithe ar an seimineár 'Are we playing in a different league' in ITGM i mí Feabhra, inar pléadh rannpháirtíocht leanúnach cailíní - go háirithe iad siúd ag an leibhéal sóisearach sa mheánscoil - agus mná sa spórt

## 1,200

Tháinig 1,200 amach le haghaidh 7 Siúlóid *Operation Transformation* i mí Eanáir

# OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

**Mar chuid de ghréasán náisiúnta Oifigí Fiontair Áitiúla, a cuireadh ar bun de réir beartais rialtais in 2014, tá Oifig Fiontair Áitiúil Mhaigh Eo mar chuid den Aonad Fiontraíochta agus Infheistíochta i gComhairle Contae Mhaigh Eo agus feidhmíonn an oifig mar chéadphointe teagmhála do dhuine ar bith atá ag lorg eolais agus tacaíochta maidir le gnó a thosú nó a fhorbairt i Maigh Eo.**




Agus forbairt fiontraíochta áitiúla á cur chun tosaigh acu, le cois micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga a chur i gcroílár iarrachtaí chun fostaíocht a chruthú, tugann **OFÁ Mhaigh Eo** tacaíocht do ghnólachtaí nuabhunaithe agus féachtar le micreaghnólachtaí, idir shean agus nua, a chumasú le breis daoine a fhostú trí rochtain a sholáthar ar eolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht roghnaitheach airgeadais. Is iad príomhfheidhmeanna OFÁ Mhaigh Eo ná na seirbhísí seo a leanas a chur ar fáil ar son Chomhairle Contae Mhaigh Eo: eolas agus comhairle i dtaobh cúrsaí gnó; seirbhísí tacaíochta fiontair; tacaíocht fiontraíochta agus seirbhísí forbartha fiontair áitiúla.

Tá OFÁ Mhaigh Eo maoinithe ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (via Fiontraíocht Éireann), Comhairle Contae Mhaigh Eo, agus trí ioncam a ghintear ó tháillí clár agus tionscnamh eile. Feidhmíonn an oifig de réir Comhaontú Seirbhíse idir Fiontraíocht Éireann agus Comhairle Contae Mhaigh Eo.

# BUAICPHOINTÍ 2017

- I mí Mhéan Fómhair, nochtadh Pleananna maidir le hIonad Trádála a fhorbairt i gCaisleán an Bharraigh do chomhlachtaí as na Stáit Aontaithe
- Bhuaigh ábhar fiontraithe ó cheithre mheánscoil i Maigh Eo cúig ghradam ag craobh náisiúnta Ghradaim Fiontraíochta na Mac Léinn
- Bhuaigh Monaghan Brothers, arna tacú ag OFÁ Mhaigh Eo, sa chatagóir don 'Gnólacht Easpórtála is Fearr' ag na Gradaim Fiontraíochta Náisiúnta
- Mheall Mayo Ideas Week beagnach 1,200 duine thar 16 imeacht, seimineáir agus ceardlanna san áireamh, ar fud an chontae
- Bhuaigh Nigel O'Reilly, gabha óir lonnaithe i gCaisleán an Bharraigh, an Gradam Réigiúnach don Ghnólacht Bunaithe is Fearr i gcomórtas Fiontraí Óg na hÉireann
- Chuidigh OFÁ Mhaigh Eo le micrithionscail taispeántais a bheith acu ag Showcase san RDS agus le páirt leanúnach a ghlacadh i dtionscnamh an iFactory West

# 2017 IN NUMBERS

## 170

Chruthaigh cliantghnólachtaí de chuid OFÁ Mhaigh Eo 170 post breise

## 330,318

Rinneadh €330,318 deontas caiptil a fhaomhadh do chliantghnólachtaí

## 240

Fuair 240 cliant **seirbhísí meantóireachta saor in aisce**

## 13

13 rannpháirtí sa Chlár Acadaimh Bia, a eagraíodh i gcomhpháirt le OFÁ Ros Comáin

## 874

Ghlac 874 cliant páirt i gcláir oiliúna fóirdheontais

## 29

Fuair 29 iarratasóir dearbháin Trading Online suas go luach €2,500 an ceann

## 15

Rinne OFÁ Mhaigh Eo 15 iarratas Microfinance Ireland a éascú

## 10

10 n-imeacht d'fhiontraithe nua agus reatha, le linn na Seachtaine Fiontraíochta Áitiúla

## 3

Chuaigh 3 chomhlacht bia ó Mhaigh Eo isteach i margadh an Ríochta Aontaithe tríd an Ireland West Food Group

**Tá OFÁ Mhaigh Eo ag tnúth le bliain tháirgiúil, nuálaíoch eile in 2018, ina ndíreofar ar chláir Náisiúnta OFÁ a chur ar fáil, le cois tionscnamh áitiúil, réigiúnach agus idirnáisiúnta, cosúil leo siúd a cuireadh ar fáil in 2017 ach ag díriú níos mó ar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna reatha gnó, le go mbeidh borradh faoi mhicreaghnólachtaí éiritheacha, nua agus seanbhunaithe i Maigh Eo.**

# INVEST

**Cuireann Invest forbairt eacnamaíoch an chontae chun cinn trí chomhordú na dtacaíochtaí fiontraíochta atá ar fáil d'infheisteoirí féideartha.**

Rinneadh dul chun cinn le dhá thionscadal láithreáin taispeána féideartha in 2017. Is éard atá i gceist le tionscadal Láithreach Tástála Ampyx Power ná Aerárthach ar teaghrán a thiontaíonn gaoth go leictreachas.
Is iad Ampyx Power chéad úsáideoirí an láithreáin taispeána seo, a chuirfidh deiseanna ar fáil comhoibriú le go leor comhlachtaí timpeall an domhain atá ag déanamh obair ceannródaíoch i dteicneolaíocht giniúna na cumhachta gaoithe aeriompartha, agus an deis ag Contae Mhaigh Eo oibriú le príomhnuálaithe an réimse seo mar thoradh.

Córas iompair nua atá i gceist leis an tionscadal Skyway, faoina mbeadh feithiclí éadroma, dlútha ag taisteal ar rothaí cruacha os cionn talún. Tá an Rannóg Invest ag obair le Skyway Technologies Co ón Bhealarúis le suíomh a roghnú i gContae Mhaigh Eo a bheadh oiriúnach mar láthair taispeána don Unibike beirte.

Tá obair ar siúl i gcónaí le forbróirí féideartha le margaíocht a dhéanamh ar Shuíomh Straitéiseach Ionad Sonraí Chill Ala mar shuíomh féideartha d'Ionad Sonraí. Tá gné uathúil dhíolacháin ag baint leis an suíomh, mar gheall ar America Europe Connect - an córas cábla fomhuirí a shíneann ó Long Island, Nua Eabhrac go Cill Ala - mar aon leis an rochtain éasca ar sholáthar cumhachta ar féidir brath air.

Rinneadh dul chun cinn in 2017 ar athfhorbairt Theach Cúirte Bhéal Átha na Muice mar Mhol Cruthaitheach, le maoiniú ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus Crios Forbartha Geilleagraí Tuaithe (REDZ). Leanfar le céim dheireanach na n-oibreacha in 2018, faoi réir maoinithe deontais ó Better Energy Communities (BEC).

# FORBAIRT TURASÓIREACHTA

**In 2017, leanadh le cur i bhfeidhm Straitéis Turasóireachta Chontae Mhaigh Eo, dar teideal "Destination Mayo- A Strategy for the Future Development of Tourism in County Mayo 2016 – 2021". Bhí sé seo mar chreat d'obair na Rannóige Forbartha Turasóireachta.**



An fhís do thionscal turasóireachta Mhaigh Eo in 2021 ná gur ceann scríbe ardchaighdeáin, ionchuimsitheach agus dílis dá dúchas féin a bheidh sa chontae. Cuid bhunúsach den fhís seo ná go meallfaidh táirge turasóireachta Mhaigh Eo an chéad ghlúin eile de thurasóirí; is é sin le rá go ndíreofar ar an mórmhargadh coitianta agus ar shainmhargaí nideoige araon, le raon leathan taitneamhachtaí agus gníomhaíochtaí ar ardchaighdeán, mar aon le rogha mhaith lóistín, seirbhísí fáilteachais agus táirgí coimhdeacha seirbhíse.

Chun an fhís seo a bhaint amach, beidh sé fíorthábhachtach comhoibriú a bheith ann idir gníomhaireachtaí, lucht gairme an tionscail agus pobail áitiúla. Cuireadh Grúpa Stiúrtha ardleibhéil ar bun chun na bearta a leagadh amach sa straitéis a chur chun cinn. Is é an tUasal James Horan, iarbhainisteoir fhoireann peile Mhaigh Eo, atá i gceannas ar an Ghrúpa Stiúrtha seo. Ina theannta sin, bunaíodh ocht líonra chun gníomhartha ar leith a chur chun cinn. Cuimsíonn na líonraí seo ocht réimse ar leith, lena n-áirítear: Eachtraíocht, Cultúr & Oidhreacht, Turasóireacht Spioradálta, Margaíocht ar Fhéilte & Imeachtaí, Fiántas na Tíre, Iascaireacht, Turasóireacht Spóirt agus Turasóireacht Bhia.

# BUAICPHOINTÍ 2017

- Osclaíodh Ionad Seirbhísí Gníomhaíochta na Mala Raithní ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair i Meitheamh 2017
- Suiteáladh droichead rópa crochta ar bhealach Chosán Bhaingear
- Craoladh dhá chlár de chuid Nationwide in Earrach 2017
- Seoladh an treoirleabhar *A Guide for Planning your Visit to County Mayo*, atá dírithe ar thionscnóirí turais, scríbhneoirí taistil, blagálaithe agus foirne léirithe meán
- Eisíodh trí fhíseán de chuid na sraithe Wild Mayo i mí na Bealtaine agus mí an Mheithimh
- Freastalaíodh ar Sheónna Trádála i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara tionscail, ina measc seónna Holiday World, an British Tourism and Travel Show (Birmingham), an Milwaukee Irish Fest (SÁM) agus an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

**33** Pointe Radhairc san iomlán feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin i gContae Mhaigh Eo.

Maoiniú **€180,000** faighte do thionscadal Velorail Choillte Mach

**8,750** cuairteoirí agus **€1.2 milliún** tugtha isteach ag an ngeilleagar áitiúil mar thoradh díreach ar láithreacht ag seónna trádála

D'fhéach **400,000** duine ar chláir Nationwide, arna tacú ag an Rannóg Turasóireachta

**18,000,000** radharc ar fhíseáin de chuid Wild Mayo

Infheistíodh **€420,000** in athchóiriú Theach Stáisiún na Mala Raithní

# AONAD FORBARTHA DIGITÍ AGUS LEATHANBHANDA

**D'aithin Tascfhórsa Fón Póca agus Leathanbhanda an Rialtais roinnt tascanna a bhí le cur i gcríoch in 2017.**




Ar cheann de na tascanna sin bhí aithint agus léarscáiliú ceantar tosaíochta i ngach contae, nach bhfuil clúdach fón póca iontu nó ina bhfuil an clúdach sin ar chaighdeán íseal. Thug Aonad Forbartha Digití agus Leathanbhanda Chomhairle Contae Mhaigh Eo ceannaireacht sa réimse oibre seo, i gcomhpháirtíocht leis an Rannóg CFG, ag forbairt córais le léarscáiliú a dhéanamh ar na ceantair seo a bhfuil clúdach lag iontu, trí úsáid a bhaint as meascán de theicneolaíochtaí GPSS agus fón póca.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Reáchtáladh go rathúil, ar bhonn píolótach, córas le léarscáiliú a dhéanamh ar cheantair a bhfuil clúdach lag iontu. Rinneadh léarscáiliú ar 44km ar leith de phríomhbhealaí náisiúnta agus de bhealaí tánaisteacha náisiúnta na tíre, áiteanna a bhfuil an clúdach iontach lag, agus cuireadh an t-eolas seo ar aghaidh chuig soláthróirí teileachumarsáide le go ndéanfar leasuithe.

- Tá an córas in úsáid anois ag sé údarás áitiúla eile, ar éirigh leo é a úsáid le léarscáiliú a dhéanamh ar na háiteanna is measa dá bhfuil acu ó thaobh clúdaigh fón póca de.

- Suiteáladh córas poiblí WiFi allamuigh saor in aisce ag Ionad Fóntas Áras Inis Gluaire, i gcomhthráth le seoladh Mhol Digiteach Údarás na Gaeltachta i mBéal an Mhuirthead i mí Mheán Fómhair. Chuaigh an córas beo le linn na seachtaine roimh sheoladh an mhoil agus táthar á shíneadh anois timpeall baile Bhéal an Mhuirthead.

# PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

**Déanann an Rannóg Bainistíochta Forbartha gach iarratas pleanála a phróiseáil, ina measc na cinn ó cheantair na n-iarChomhairlí Baile - Béal an Átha, Caisleán an Bharraigh agus Cathair na Mart. Tá athrú tagtha ar fheidhm na Rannóige Bainistíochta Forbartha, áit a mbíodh béim ar fheidhm rialaithe pleanála agus próiseáil iarratas pleanála, dírítear anois ar fhorbairt eacnamaíoch agus ar chuidiú le forbairt i ngach baile agus ceantar de chuid an Chontae.**



# BUAICPHOINTÍ 2017

- **Tobhach na Láithreán Folamh agus Clár na Láithreán Folamh**
  In Eanáir 2017 thug Comhairle Contae Mhaigh Eo le chéile tailte a measadh a bheith oiriúnach le hiniamh i gClár na Láithreán Folamh agus cuireadh tús leis na próisis reachtúla chuí le cur leis an chlár seo agus leis an tobhach a chur i bhfeidhm.

- Thug an **Rannóg um Pleanáil Chun Cinn** faoi réimse tionscadal agus é mar mhóraidhm acu tacú le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe, chomh maith le hiad a éascú. Tá béim níos mó curtha ar **na hIarratais Foirmeálta Réamhphleanála**, seirbhís saor in aisce ar éirigh thar barr léi in 2017.

- In 2017 seoladh próiseas comhairliúcháin phoiblí maidir le hullmhú **Creata Náisiúnta Pleanála** le cur in ionad na Straitéise Spáis Náisiúnta. Rinne an **Rannóg um Pleanáil chun Cinn** aighneachtaí na Comhairle a chomhordú agus a ullmhú agus d'oibrigh siad i gcomhpháirt le Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair ar a aighneacht féin i dtaobh an Chreata.

- Ina theannta sin, rinneadh an **Clár Pleanála** a ríomhairiú, agus rinneadh seanléirscáileanna an Chláir Pleanála a dhigitiú chomh maith. Déantar iarratais phleanála a scanadh anois agus iad ar fáil sna **hOifigí Ceantair** ar fad nó is féidir breathnú orthu am ar bith ar an idirlíon.

- **Feabhsú agus Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte**
  Tá comhoibriú leanúnach ann leis an Oifig Oidhreachta le Dréachtphlean Ríochta Poiblí a ullmhú do Bhaile an Róba. Cuireadh tús le hobair den chineál céanna ar Phlean Ríochta Poiblí a ullmhú do Shráidbhaile Chnoc Mhuire. Chomhoibrigh an Rannóg um Pleanáil chun Cinn ar ullmhú ráitis um Dhearadh Sráidbhaile do Bhaile Uí Fhiacháin, atá á stiúradh ag Rannóg na nAiltirí agus atá ag dul ar aghaidh i gcónaí.

- Ceann de thorthaí nuálaíocha an **Chláir Náisiúnta Oiliúna um Thástáil Beochta Láir Bhailte 2016-2017** ná aip a d'fhorbair Comhairle Contae Mhaigh Eo, a chuidíonn le suirbhéireacht a dhéanamh ar úsáid talún. Rinneadh mic léinn ITGM tastáil phíolótach ar an aip nua seo le linn na hoibre suirbhéireachta i mBéal an Átha. Ainmníodh an aip seo do **Ghradam Ríomhseirbhísí Rialtais** (E-Government) don bhliain 2017.

- **Síneadh curtha le tréimhse marthana Phlean Ceantair Áitiúil Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire 2012-2018.**
  Bhí Plean Ceantair Áitiúil Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire 2012-2018 le dul in éag i mí Dheireadh Fómhair 2018. Ar an 12 Meitheamh 2017, bheartaigh na comhaltaí cur le tréimhse mharthana an phlean reatha, ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

- Ainmníodh Aerfort Iarthar Éireann, Cnoc Mhuire agus an talamh thart timpeall an aerfoirt mar **Chrios Forbartha Sraitéisí** ag an Rialtas ar an 30 Bealtaine 2017.

- Leanadh le hathbhreithniú ar **Straitéis Fuinnimh In-athnuaite** le linn 2017 – táthar tar éis an obair seo a chur ar fionraí i ndiaidh eisiúint imlitir PL 5/2017, go dtí go bhfoilseofar treorlínte nua maidir le fuinneamh gaoithe.

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

## 1,166

Bíonn na Clinicí Pleanála Siúil Isteach fós á reáchtáil chuile Chéadaoin i seacht nOifig Ceantair de chuid na Comhairle. Le linn 2017, fuarthas 1,166 fiosrú ag na Clinicí Pleanála Siúil Isteach.

## 6

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar liosta na "n**Eastát Neamhchríochnaithe**" ó tiomsaíodh é den chéad uair. As an 129 n-eastát a bhí ar an chéad liosta sin, níl fágtha anois ann ach 6 cinn.

## 222

Táthar tar éis béim níos mó a chur ar an phróiseas foirmeálta réamhphleanála. In 2014, bhí 104 iarratas réamhphleanála ach tá an figiúr seo tar éis méadú níos mó ná a dhá oiread, go 222 in 2017.

## €1,348,178

Rannpháirtíocht sa phróiseas comhoibríoch idir-rannach don **Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2017**, a raibh 14 bhaile agus sráidbhaile páirteach inti. Bhronn an Roinn Ealaíon Oidhreachta, Réigiúnach, Gnóthaí Tuaithe agus Gaeltachta €1,348,178 san iomlán ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo faoin scéim.

# FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

**Is é príomhfheidhm na Rannóige Forfheidhmithe Pleanála ná fiosrú a dhéanamh faoi ghearáin scríofa i dtaobh forbairtí neamhúdaraithe líomhnaithe, de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).**

Tá sé tugtha faoi deara ag an Aonad, agus cúinsí eacnamaíochta mar atá, go dteastaíonn idirbheartaíocht a mhaireann ar feadh i bhfad chun neart cásanna Forfheidhmithe Pleanála a réiteach go sásúil, agus tá méadú tagtha ar líon na gcásanna ina gcaithfear fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint agus a chur faoi bhráid Dhlíodóir na Comhairle.

Tugtar thíos achoimre ar ghníomhaíochtaí na Rannóige Forfheidhmithe Pleanála.

## Tábla 1: Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Pleanála ó 2013 go 2017

| DESCRIPTION OF ACTIVITY | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na ngearán nua faighte | 135 | 152 | 149 | 155 | 129 |
| Líon na ngearán a réitíodh | 78 | 100 | 69 | 73 | 115 |
| Líon na ngearán a caitheadh amach | 50 | 48 | 40 | 42 | 41 |
| Líon na litreacha rabhaidh a eisíodh | 80 | 83 | 93 | 97 | 89 |
| Líon na bhFógraí Forfheidhmithe a eisíodh | 13 | 12 | 22 | 9 | 16 |
| Líon na gcomhad curtha faoi bhráid Dhlíodóir na Comhairle Contae | 32 | 38 | 33 | 37 | 42 |
| Líon na n-ionchúiseamh | 0 | 3 | 2 | 0 | 0 |



# TITHÍOCHT, BÓITHRE & FORBAIRT SEIRBHÍSÍ

**SA MHÍR SEO**

Tithíocht


Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre

Athbhreithniú ar Sholáthar agus ar Éifeachtúlacht



# TITHÍOCHT

**Bliain ghnóthach eile a bhí in 2017 do Sheirbhís Tithíochta Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Bíonn dúshláin ag baint le lóistín inacmhainne ar ardchaighdeán a sholáthar, ach bíonn deiseanna ann do Chontae Mhaigh Eo chomh maith agus tá maoiniú suntasach á chur ar fáil chun fadhbanna tithíochta a réiteach dóibh siúd a bhfuil cuidiú uathu.**




**Ba iad seo a leanas Príomhréimsí Oibre na Seirbhíse Tithíochta in 2017:**

- Seachadadh an Chláir um Thógáil Tithe 2017
- Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2017
- Bainistiú na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta, na Scéime Cóiríochta Cíosa agus na Scéime Léasaithe Shóisialta
- Bainistiú na Scéime Ceannaithe agus Athnuaite agus na Scéime Deisiúcháin agus Léasaithe
- Oibriú agus Bainistiú na dtrí Scéim Deontais Tithíochta.
- Cothabháil agus athchóiriú pleanáilte an stoic tithíochta.
- Easpa Dídine/Cothú Tionóntachtaí
- Freastal ar iarratasóirí le Riachtanais Speisialta agus Iarratasóirí ar Thithíocht Tuaithe.
- Iasachtaí do Thithíocht Phríobháideach, Ceannach Incriminteach agus Feabhsúcháin Tí
- Athbhreithniú agus forbairt ar Ráitis Beartais Tithíochta agus ar Nósanna Imeachta agus Prótacail don fhoireann tithíochta agus do chliaint araon.
- Taispeántas Taistil Eolais maidir le Tithíocht agus Réadmhaoin Mhaigh Eo
- Scéim Cíosanna Difreálacha

I Meitheamh 2017, mar chuid den Chlár Athlonnaithe Dídeanaithe, chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tithe ar fáil do 7 dteaghlach (34 duine) ar dhídeanaithe Siriacha iad, atá tar éis a bheith easáitithe mar gheall ar an chogadh leanúnach.

I mí Lúnasa 2017, sheol Comhairle Contae Mhaigh Eo an suíomh www.vacanthomes.ie le tithe folmha a chur ar fáil mar thithe cónaithe chomh tapa agus is féidir.

Mar chuid den Scéim Cóiríochta Cíosa, bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo tar éis freagracht a ghlacadh as 1,671 aonad (484 ón Earnáil Dheonach & 1,187 ón Earnáil Phríobháideach).

Bhí Comhairle Contae Mhaigh Eo tar éis freagracht a ghlacadh as 226 aonad faoi **Léasú Tithíochta Sóisialta.** Déanann an scéim seo freastal ar chliaint atá i dteideal na Tithíochta Sóisialta ach nach bhfuil Forlíonadh Cíosa á fháil acu. Dúshlán mór atá roimh an fhoireann SHCEP ná an easpa tithe agus árasán atá ar fáil le ligean ar cíos. Dúshlán eile ná an síormhéadú ar phraghsanna cíosa, rud a fhágann go mbíonn sé an-deacair luach maith ar airgead a fháil.

Bhí ardú seasta i líon na n-iarratas a fuarthas ar an Scéim Náisiúnta Morgáiste go Cíos. Ag deireadh na bliana bhí 7 gcomhad bheo idir lámha.

Cuireadh an Clár um Théamh Lárnach i gcrích in 2017, ag cinntiú go bhfuil córas téimh lárnaigh i ngach teach de chuid an Údaráis Áitiúil.

Dearadh an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) leis na seirbhísí tithíochta sóisialta fadtéarmaí ar fad atá á soláthar ag an Stát a thabhairt le chéile faoin chóras Údaráis Áitiúil, le go mbeadh tithíocht shóisialta chomhtháite ar fáil faoi aon earnáil amháin. Bíonn ról lárnach ag an ÍCT i seachadadh tithíochta inacmhainne do chónaitheoirí Chontae Mhaigh Eo.

Bhí **805** tionóntacht bheo de chuid ÍCT i Maigh Eo ar an 31 Nollaig 2017

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Rinne an Chomhairle buiséadú le haghaidh caiteachais de **€2,800,000** ar Dheontais Tithíochta do 2017, a chuimsigh Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais Áiseanna Soghluaisteachta agus Deontais Oiriúnaithe Tithe do dhaoine faoi mhíchumas

Fuair Comhairle Contae Mhaigh Eo **27** aonad in 2017, le cinntiú go bhfuil stoc nua tithíochta sóisialta á chur ar fáil a fhad is atá an clár tógála á leathnú amach.

Díoladh **8** dteach le tionóntaí de chuid an Údaráis Áitiúil faoin Scéim Ceannaigh Incrimintigh do Thionóntaí

Cuireadh **Aonad amháin** i gcrích i gComhairle Contae Mhaigh Eo faoin scéim Ceannaithe agus Athnuaite in 2017

Cuireadh **22** aonad folmha ar ais in úsáid le linn 2017

Bhí **1,222** theaghlach incháilithe do Thacaíocht Tithíochta Sóisialta i Maigh Eo in 2017. Léiríonn an figiúr seo an glanriachtanas tithíochta nach n-áiríonn iarratasóirí ar aistriú

Ba é Tionscadal Tithíochta San Mícheál Chumann Naomh Uinseann de Pól, Béal Easa, deartha ag John Halligan Architects, buaiteoir Tionscadal Tithíochta na Bliana **2017**.

## OBAIR IDIR LÁMHA

Meastar sa **Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil** 2014-2018, go mbeidh 120 aonad cóiríochta de dhíth:

- 31 aonad i gCeantar Bardasach Bhéal an Átha
- 33 aonad i gCeantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh
- 52 aonad i gCeantar Bardasach Chlár Chlainne Mhuiris
- 4 aonad i gCeantar Bardasach Iarthar Mhaigh Eo

Ó glacadh leis an Phlean Cóiríochta don Lucht Siúil i mí Aibreáin 2014, cuireadh ar fáil 96 as 120 aonad cóiríochta don lucht siúil.

| IN 2017, BAINEADH AN MÉID SEO AMACH TRÍD AN CHLÁR UM CHAIPITEAL TITHÍOCHTA | |
|---|---|
| 21 Aonad ag Cnoc an Tobair, Cathair na Mart | Ar an láithreán |
| 1 Aonad Inlíonta ag Cathair na Mart | Críochnaithe |
| 12 Aonad Tuaithe in áiteanna éagsúla | 2 cheann críochnaithe & 3 cinn ar an láithreán |
| 4 Aonad ag Corrán Mhuire, Béal an Átha | Ar an láithreán |
| 8 nAonad ag an Chnoc Mhór | Ar an láithreán |
| 8 nAonad ag an Chnoc Mhór | Ar an láithreán |
| 4 Aonad ag Cill Mhíona | Ar an láithreán |
| 4 Aonad ag Cnoc Mhuire | Ar an láithreán |
| 1 Aonad Inlíonta ag Baile Uí Fhíocháin | Céim réamhthairsceana |
| 7 nAonad ag Logmore, Béal an Mhuirthead (IWCA) | Críochnaithe |
| 4 Aonad ag Béal Easa (SVDP) | Ar an láithreán |
| 6 Aonad ag Gleann na Muaidhe (Pobal) | Céim an deartha |
| 3 Aonad Inlíonta ag Béal Átha na Muice | Céim na suirbhéireachta |
| | **27 nAONAD NUAFHAIGHTE IN 2017** |



# IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

**Teastaíonn córas éifeachtúil iompair ar bhóithre le go mbeidh an bonneagar riachtanach ann chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta réigiúin. Rinne Comhairle Contae Mhaigh Eo a cion féin arís in 2017 i gcothabháil agus i bhfeabhsú an ghréasáin bóithre sa chontae, rud a thacaíonn le geilleagar an chontae.**



## 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Caitheadh **€45.8m** ar chothabháil agus ar fheabhsú an **6,490 km** de bhóithre atá faoi chúram Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Íslíodh an uasteorainn luais in **130** Eastát Tithíochta sa bhreis go 30km san uair, sin **330** eastát san iomlán anois ina ndearnadh amhlaidh

Bhain **444** ball foirne leas as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre idir 2010 agus 2017

Caitheadh **€23,552,862** ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, lena n-áirítear

- €657,460 a infheistíodh i Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail, a chuaigh chun tairbhe 15 phobal
- Deontais Athshlánaithe Droichid dar luach €585,555 a ceadaíodh le haghaidh oibreacha ar 10 ndroichead
- Deontais um Fheabhsaithe Sábháilteachta ar Ísealchostas arbh fhiú €494,739, a caitheadh thar 14 scéim éagsúla

# BUAICPHOINTÍ 2017

- Cuireadh tús leis an Scéim um Inleagan Cosáin i lár Bhaile an Róba.
- Críochnaíodh stráice 2km de Scéim N59 ag Cora Ros Abha– Droichead Ros Duáin, lena n-áirítear bealach rothaíochta le hiomlánú a dhéanamh ar Ghlasbhealach Mór an Iarthair idir Cathair na Mart agus an Mhala Raithní.
- Cuireadh tús i mí na Nollag le soláthar conartha tógála, le haghaidh síneadh 3km le Cora Ros Abha ar an N59 ag Cill Mhíona
- Rinneadh cosáin, rampaí agus forleagan / inleagan cosán a dheisiú ar an N5 ag Sráid an Droichid, Sráid na Siopaí agus Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart.
- Faoi Thionscadal Bóthair an N5 Cathair na Mart go Turlach, leanadh ar aghaidh le Tochailt Seandálaíochta, Atreoruithe BSL agus oibreacha a bhain leis an gConradh um Ghlanadh Fálta agus Fálta Sceach.
- Scéim Forleagain Cosáin 2.7km ar fad curtha i gcrích idir Cill Cheallaigh agus Coillte Mach ar an N17
- N59 Cathair na Mart go dtí an Mhala Raithní - Rinneadh 'Fógraí Gnóthaíochta' a sheirbheáil ar na húinéirí talún go léir agus rinneadh tuairim is 95% de na héilimh ar chúiteamh a shocrú
- Cuireadh Bearta sábháilteachta i bhfeidhm ag an gCeathrú Bhán ar an Ghréasán Bóithre den Dara Grád.
- N26 Tionscadal Bóthair Chluain Gallán: Reáchtáladh éisteacht ó bhéal in 2017 agus cuireadh isteach an t-eolas breise a iarradh ina dhiaidh sin.




| TIONSCADAIL PRÍOMHBHÓITHRE NÁISIÚNTA a nDEARNADH DUL CHUN CINN ORTHU IN 2017 | |
|---|---|
| N5 Cathair na Mart go Turlach (27km) | Cuireadh tús le hidirphlé le húinéirí talún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le cúiteamh. Leanadh le conarthaí réamhoibre freisin, lena n-áirítear Tochailtí Seandálaíochta, atreoruithe BSL agus Conradh um Ghlanadh Fálta agus Fálta Sceach. Ceapadh comhairleoirí chun tacú le leis an oifig le linn riaradh, bronnadh agus maoirsiú an Chonartha Foirgníochta Deartha agus Tógála. |
| N26 Cluain Gallán (2km) | Rinneadh leithdháileadh in 2017 don tionscadal nua seo, 1.8km ar fad, ar Phríomhbhóthar Náisiúnta an N26 idir Béal an Átha agus Béal Átha na Muice. Foilsíodh an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh agus Ráiteas Tionchair Natura  i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus an ba é 21 Nollaig 2016 an spriocdháta d'aighneachtaí ina leith.Reáchtáladh an éisteacht ó bhéal i Márta 2017. I ndiaidh na héisteachta d'iarr An Bord Pleanála tuilleadh eolais. Cuireadh an t-eolas breise seo chuig an mBord Pleanála agus táthar ag fanacht ar chinneadh faoi láthair. |
| N5 Sráid an Droichid, Sráid na Siopaí agus Sráid Chaisleán an Bharraigh, Cathair na Mart. | Aithníodh go raibh drochbhail ar chosáin na sráideanna agus ar dhromchlá na rampaí coisithe. Bhí scoilteacha ag teacht sna cosáin choincréite ar dhá thaobh Shráid na Siopaí. Cuireadh maoiniú ar fáil leis an chosán agus ceithre cinn de na rampaí a atógáil, chomh maith le Forleagan/Inleagan Cosáin a chur ar fáil do na sráideanna sin. |
| Conradh Forleagain Cosáin 2017 an N17 Cill Cheallaigh - Bóthar Chnoc Mhuire (2.7km) | Cuireadh Scéim Forleagain Cosáin i gcrích idir Cill Cheallaigh agus Cnoc Mhuire ar an N17 i mBaile Fearainn Bhrogha. |

| TIONSCADAIL BÓITHRE NÁISIÚNTA DEN DARA GRÁD a nDEARNADH DUL CHUN CINN ORTHU IN 2017 | |
|---|---|
| N59 Cathair na Mart-Baile Uí Fhiacháin ag Cill Bhríde, Céim I (3km) | Tá na hoibreacha tógála ar an scéim seo curtha i gcrích. Níl fágtha le déanamh ach oibreacha cothabhála tírdhreachaithe. |
| N59 Cathair na Mart – An Mhala Raithní (40km) | Approximately Socraíodh thart ar 95% d'éilimh chúitimh úinéirí talún le linn 2017. Cuireadh i gcrích an chuid den scéim ag **Cora Ros Abha** atá 2km ar fad agus ar shíneadh é le Scéim Chill Bhríde síos ó dheas go Cathair na Mart. Chuir Comhairle Contae Mhaigh Eo tús le soláthar conartha tógala le 3km eile a thógáil ag **Cill Mhíona**, ar shíneadh é le Cora Ros Abha. Táthar ag súil leis an gconradh a bhronnadh i lár 2018. |
| N60 Cnoc na mBuachalán Theas (4km) | Le linn 2017, rinneadh dul chun cinn maidir le ceannach talún agus íocaíochtaí cúitimh leis na húinéirí talún sin atá thíos leis an scéim. |
| N60 Log na Muc (2km) | Le linn 2017, rinneadh dul chun cinn maidir le ceannach talún agus íocaíochtaí cúitimh leis na húinéirí talún sin atá thíos leis an scéim. |
| N60/N84 Conradh Inleagain Cosáin 2017 Acomhal an N60/N84 ag Bóthar an Stáisiúin agus Timpealláin an Mhóinín Bhradaigh agus Chill Ceannaigh | Rinneadh athnuachan ar acomhal an N60 / N84 ag Bóthar an Stáisiúin, ag timpeallán Mhóinín an N5 agus ag timpeallán Chill Chainnigh an N60, chomh maith leis na bealaí isteach soir go dtí timpeallán Mhóinín agus an dá bhealach isteach go dtí na Soilse Tráchta do Choisithe in aice leis an N5 ag an Churrach. Rinneadh inleagan cosáin ar chuid 410 méadar den N60 in aice le heastáit Ashwood agus na gCéadras. |
| Conradh Inleagain Cosáin 2017 an N60 Sráid na Mainistreach, Béal Átha hAmhnais (56m) | Cuireadh Scéim Inleagain Cosáin i gcrích faoi Thardhroichead Iarnród Éireann agus na bealaí isteach chuige |
| N83 Teamhrán – Cnoc Mhuire 2017 (2km) | Cuireadh Scéim Forleagain Cosáin i gcrích ar an N83, ar an Bhóthar Náisiúnta den dara grád i mBaile Fearainn Theamhráin |
| N84 Cill Mheáin –Shruthair (1.15km) | Cuireadh Scéim Forleagain Cosáin i gcrích idir Cill Mheáin agus Sruthair ar an N84 i mBaile fearainn na Creige Duibhe. |

| | |
|---|---|
| N84 Sráideanna Bhaile an Róba (1.15km) | Tugadh faoi scéim inleagain cosáin i mbaile Bhaile an Róba, ag Sráid an Droichid, an Phríomhshráid, Sráid Bowgate agus Sráid na Gléibe |

# ATHBHREITHNIÚ AR SHOLÁTHAR AGUS AR ÉIFEACHTÚLACHT

**Tacaíonn Comhairle Contae Mhaigh Eo le múnla na hOifige um Sholáthar Rialtais trí sholáthar inbhuanaithe a chur i bhfeidhm go daingean san eagraíocht. Faoinár mbunphrionsabail soláthair, cuimsítear cothroime, oscailteacht, trédhearcacht, aitheantas frithpháirteach, neamh-idirdhealú agus comhréireacht. Tá an Oifig Soláthair tiomnaithe d'ionchuimsiú soláthróirí agus tá sé de chuspóir aici gnó a dhéanamh le réimse leathan soláthróirí, ina measc fiontair bheaga agus mheánmhéide agus eagraíochtaí tríú earnáil / eagraíochtaí socheacnamaíocha, gnólachtaí faoi thacaíocht ina measc.**




Is iad na príomhathruithe a cuireadh i bhfeidhm tríd an chóras athchóirithe soláthair ná dualgais bhreise tuairiscithe le trédhearcacht níos fearr a chinntiú i mbronnadh conarthaí; béim níos mó ar sholáthar inbhuanaithe; míreanna conartha níos lú a úsáid le deiseanna níos cothroime a chinntiú d'fhiontair bheaga agus mheanmhéide; réitigh nua a fhorbairt le riachtanais na comhairle a chomhlíonadh trí chomhoibriú níos fearr, cuir chuige níos nuálaí agus laghdú ar íosteorainneacha ama le haghaidh beart soláthair, rud a fhágann gur féidir conarthaí a chur i bhfeidhm níos tapúla.

Tugadh achoimre ar ról na hOifige Soláthair sa Phlean um Sholáthar Corparáideach 2016-2018 agus tá an ról seo forbartha ag an fhoireann le luach níos fearr a fháil ar airgead agus leis an eagraíocht a dhéanamh níos éifeachtúla trí leas a bhaint as comhchreataí soláthair, gairmiúlacht a chur chun cinn, agus trí úsáid nuálach teicneolaíochta.

Tá cúrsaí soláthair díláraithe taobh istigh de Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus ceannaitheoirí i ngach réimse den chomhairle. Úsáidtear an dá thairseach leictreonacha soláthair seo a leanas chun formhór de ghnóthaí soláthair Chomhairle Contae Mhaigh Eo a chur i gcrích; **www.ETenders.gov.ie** agus

# BUAICPHOINTÍ 2017

- Cuireadh Córais Dhinimiciúla Cheannaigh (CDC) in áit seanchreataí maidir le Gléasra ar Cíos agus Marcáil Bóthair, rud a thugann deis do sholáthróirí a bheith páirteach i CDC le linn a théarma, murab ionann agus creat ina mbeadh ar sholáthróirí déanacha, nó iad nár éirigh leo, fanacht 12-24 mí le bheith san áireamh sa chéad cheann eile
- Cuireadh oiliúint soláthair ar fáil don fhoireann, rud a aithníodh mar riachtanas sa Phlean Corparáideach um Sholáthar
- Le cur i bhfeidhm Milestone4 (MS4), is féidir a shocrú go gcuirfear iarratais ar chaiteachas i réimsí áirithe go huathoibríoch chuig an Oifig Soláthair le ceadú tosaigh a fháil, nuair atá sé deimhnithe go bhfuil tús curtha le próiseas iomaíoch. Leis an chóras nua, is féidir an Cineál Soláthair agus Tagairtí Soláthar a rianú - rud a chabhraíonn le hanailís agus tuairisciú ar chaiteachas. Déanfar tuilleadh Tagairtí a leathadh amach le himeacht ama, mar chuid de mheadú ceaduithe ar MS4.



# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

## 44

44 comórtas foilsithe ar eTenders thar raon leathan réimsí feidhme

## 33

33 Iarratas ar Luachana agus 340 Iarratas ar Thairiscintí foilsithe ar **SupplyGov**.ie

## 2,500

Acmhainn thábhachtach le haghaidh eolas a scaipeadh atá sa leathanach inlín um Sholáthar, ar cliceáladh air 2,500 uair le linn na bliana.



# SEIRBHÍSÍ UISCE, COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

**SA MHÍR SEO**

Uisce Tuaithe Comhshaol, Athrú Aeráide agus Talmhaíocht

Seirbhís Dóiteáin Chontae Mhaigh Eo

Seirbhís Dóiteáin Réigiún an Iarthair

Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo

Sábháilteacht Uisce






# UISCE TUAITHE

**Déantar freastal ar níos mó ná 18,000 teaghlach tuaithe i gContae Mhaigh Eo trí mheán 198 grúpscéim uisce sa Chlár Uisce Tuaithe 2016-2018, á riar ag Rannóg Uisce Tuaithe Chomhairle Contae Mhaigh Eo.**

Ba é 2017 an dara bliain den aistriú chuig creat úr ilbhliantúil maoinithe don chlár, a bhfuil sé mar chuspóir aige cinnteacht a thabhairt i dtaobh na hinfheistíochta tosaíochta chun tacú le cur i bhfeidhm na forbartha inbhuanaithe i gceantair thuaithe, chun riachtanais na Rialachán um Uisce Óil a chomhlíonadh, agus chun tacú le spriocanna atá leagtha amach i bPleananna Bainistíochta Abhantraí.

Is í Comhairle Contae Mhaigh Eo an tÚdarás Maoirseachta do ghrúpscéimeanna uisce faoi réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil), 2007 agus 2014. Dá réir sin, tá dualgas ar an Chomhairle monatóireacht a dhéanamh ar an soláthar uisce ag grúpscéimeanna uisce. Bunaítear minicíocht na monatóireachta ar thoirt an uisce a sholáthraítear nó a ghintear gach lá laistigh de chrios soláthair na scéime agus tugann FSS faoi shampláil thar ceann na comhairle. Caitheadh formhór de bhuiséad 2017 ar dhul i ngleic le neamhchomhlíonadh paraiméadrach faoi Bheart 1A, go háirithe ar scéimeanna atá thíos le fadhbanna tríhalaimeatáin (THM).

# BUAICPHOINTÍ 2017

- Athraíodh Taiscumar Chluain Uidhrín ag Ogúl ar Scéim Chill Mobhí/Urláir.
- Le móroibreacha athchóirithe Gréasáin ar scéimeanna Coisín/An Aill, cuireadh i gcrích na scéimeanna deireanacha i Maigh Eo a bhí faoi réir rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann, mar gheall ar neamhchomhlíonadh Threoir um Uisce Óil an AE. Mar thoradh, bhíothas in ann an fógra um uisce a fhiuchadh a bhí i bhfeidhm ar 149 teaghlach a chur ar ceal.
- Thriail Coffey Water trealamh speisialta le dul i ngleic le foirmiú THM ag ionad cóireála scéim An Phríosúin/Lios Uí Uallacháin, Bhéal Átha Bhearaigh, na gCaológ, na Sráide agus d'éirigh leo laghduithe suntasacha a léiriú i bhfoirmiú THM.
- Thóg Uisce Éireann trí scéim ar láimh in 2017 agus cuireadh oibreacha i gcrích ar cheithre scéim eile sular thóg Uisce Éireann faoina chúram iad.
- Tá Innealtóir Caomhnaithe Uisce Tuaithe ag cabhrú i gcónaí le scéimeanna a gcuid ioncaim a uasmhéadú, trí chomhairle a chur ar fáil dóibh ar sceitheadh agus cur amú uisce a mhaolú agus trí chabhrú le mionoibreacha, rud a chuirfidh ar chumas na Rannóige Uisce Tuaithe tús áite a thabhairt do thionscadail chaipitil a bheidh ann amach anseo.

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

## 6.81

Infheistíodh €6.81 milliún sa Chlár Uisce Tuaithe i Maigh Eo as buiséad náisiúnta de €15.4 milliún.

## 5

Cuireadh móroibreacha i gcrích ar 5 Scéim eile DTO (Dear, Tóg agus Oibrigh).

## 127

Cuireadh an fógra um uisce a fhiuchadh ar ceal do 127 teaghlach, i ndiaidh oibreacha athchóirithe ar Ghrúpscéim Uisce Ghleann na Coiribe

## 47

Cuireadh an próiseas tairisceana i gcrích do scéim nua ag Tóin an Chnoic-Coill na Cilleadh a dhéanfaidh uisce a sholáthar do 47 teaghlach

## €140

Do na scéimeanna príobháideacha, ardaíodh an fóirdheontas ceangail tí ó €117.50 in 2016 to €140

## 15

Íocadh 15 Fhóirdheontas um Thobar Aonair, €26,500 san iomlán

## 5

Cuireadh mion-uasghráduithe ar Ionaid Cóireála Uisce i gcrích ar 5 scéim Dear, Tóg, Oibrigh (DTO)

## 10

Measúnú déanta ar 10 scéim DTO le fáil amach cén feabhsuithe atá de dhíth le dul i ngleic le sáruithe THM

## 56

Tá dhá scéim nua, a tógadh ag Sruthán an Aifrinn/Toraigh agus Achadh Lóintín in 2017, ag freastal anois ar 56 theaghlach ar an iomlán.

## €55

Ardaíodh rátaí fóirdheontais iníoctha le ceangail tí ar scéimeanna poiblí ó €55 in 2016 go €70 in 2017

## €2.9 million

Íocadh fóirdheontais de luach €2.9 milliún, le haghaidh costas oibriúcháin scéimeanna, le 89 scéim a chuir isteach ar na fóirdheontais seo.

## 600

Tógadh thart ar 600 sampla uisce

# COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE & TALMHAÍOCHT

**Dhá mhórspreagadh a bhí ann don bhliain 2017 ná (1) léiriú a thabhairt ar an athrú i dtosaíochtaí náisiúnta i dtreo gníomhú ar son na haeráide a chur chun tosaigh agus (2) ról na talmhaíochta a aithint.**

**Lean an Rannóg uirthi ag cur chun cinn comhtháthú réimse eolais agus peirspictíochtaí ó raon leathan páirtithe leasmhara, le cabhair agus tacaíocht ón Choiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Pleanáil, Comhshaol agus Talmhaíocht agus ón Ghrúpa Oibre maidir le Talmhaíocht.**

**I mbliana cuireadh an phríomhbhéim ar thuilte, ar phleanáil éigeandála i gcás tuilte agus ar straitéisí nua a chruthú maidir le hathrú aeráide agus talmhaíocht.**



Ní féidir ardchaighdeán maireachtála a bheith ann gan comhshaol ardcháilíochta, agus is cuid lárnach den fhorbairt inbhuanaithe é chomh maith. Leagann Comhairle Contae Mhaigh Eo an-bhéim ar fheasacht comhshaoil a ardú agus ar athruithe iompair a chothaíonn an ardcháilíocht sin a chur chun cinn.

Le cois obair na Rannóige maidir le gníomhú ar son na haeráide, tá an fhoireann Comhshaoil, Athrú Aeráide agus Talmhaíochta freagrach as forfheidhmiú reachtaíochta comhshaoil, cur i bhfeidhm treoracha agus rialacháin an AE, polasaithe náisiúnta agus réigiúnacha agus as aird an phobail a dhíriú ar cheisteanna comhshaoil.

# 2017 HIGHLIGHTS

- Bunaíodh Foireann Mhaigh Eo um Ghníomhú ar Son na hAeráide le straitéis agus plean gnímh a fhorbairt de réir Phleananna Náisiúnta Maolaithe agus Oiriúnaithe
- D'éirigh le tairiscint ar an Oifig Réigiúnach um Athrú Aeráide Chósta Thuaidh an Atlantaigh, a áiríonn Dún na nGall, Sligeach, Gaillimh agus Maigh Eo agus a bheidh ina ionad barr feabhais maidir le hardú ar leibhéal na mara, tuile chósta agus tuile screamhuisce
- Glacadh lánpháirt i réiteach an Phlean Naisiúnta Bainistíochta Abhantraí i gcomhar leis an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (OUPUA)
- Tacaíodh le forbairt agus bunú Chumann Dhobharcheantar na Muaidhe, i gcomhpháirt le OUPUA, ag ullmhú do bhunú Iontaobhas Aibhneacha Dhobharcheantar na Muaidhe
- Rinneadh dul chun cinn in 2017 ar Phleanáil um Ullmhacht maidir le Tuilte i Maigh Eo agus tá obair ar siúl go leanúnach, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, le teacht ar réitigh ar fhadhbanna
- Maidir le bainistíocht dramhaíola, ba iad tosaíochtaí 2017 ná bainistíocht bonn dramhaíola, comhlíonadh bainistíochta dramhaíola tí - lena n-áirítear leathadh na mboscaí bruscair dhonna - agus bainistíocht dramhaíola tógála agus scartála
- Rinneadh barrchaidhpeáil ar an chill dheireanach ag láithreán líonta talún Ráth Ruaín
- Reáchtáladh ceardlann uaschúrsála i mBéal an Mhuirthead mar chuid de Mhí Náisiúnta Athúsáide.
- Reáchtáladh Bailiúchán Earraí Toirtiúla ar bhonn píolótach in Acaill roimh Oíche Fhéile Eoin

# 2017 IN NUMBERS

## 850

Dáileadh 850 cupán caife in-athúsáidte le díol timpeall an chontae – bronnadh an t-airgead a bailíodh ar Ghrúpaí Bailte Slachtmhara.

## 100%

Méadú 100% i líon na nÁiseanna Aisghabhála d'Ábhair Thógála agus Scartála

## 61

Rinneadh iniúchadh ar 61 Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (CCFT)

## 28

Rinneadh monatóireacht agus tuairisciú ar cháilíocht uisce 28 uisce snámha le linn Shéasúr Uisce Snámha 2017 agus bronnadh Gradam an Chósta Ghlais ar shé cheantar

## 12

12 Trá sa chontae a bhfuil Brat Gorm acu

## 108

Rinne grúpaí pobail 108 den 159 reilig i gContae Mhaigh Eo a chothabháil, le tacaíocht airgeadais ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo trí Chóras Leithdháilte na gCeantar Bardasach

## 3

Baineadh 3 shuíomh ó Chlár na Láithreán Tréigthe in 2017

**AN DÁ GHNÉ A AITHNÍODH I bPLEANANNA NÁISIÚNTA CHUN DUL I nGLEIC LE hATHRÚ AERÁIDE NÁ:**

**MAOLÚ:** Astaíochtaí de Gháis Ceapa Teasa a laghdú agus cur le linnte dé-ocsaíde **carbóin**

**OIRIÚNÚ:** Oiriúnú do thionchair dhearfacha agus dhiúltacha an Athruithe Aeráide, idir iad atá le brath cheana agus iad a bhfuiltear ag súil leo

# AN RANNÓG TRÉIDLIACHTA

**Tá dhá phríomhréimse fócais ag an Rannóg Tréidliachta, is iad sin Sábháilteacht Bia agus an tSeirbhís Maorachta Madraí.**



Is ar Chonradh Seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) a thugtar faoin obair ar Shábháilteacht Bia, le béim ar leith ar shláinteachas agus inrianaitheacht. Agus í ag obair i gcomhar le hoibreoirí áitiúla gnó bia leis na caighdeáin is airde sábháilteachta bia a bhaint amach agus a choinneáil, bíonn páirt ghníomhach ag an Rannóg sa chomhrac i gcoinne galar zónóiseach i.e. galair atá in-tarchurtha go daoine. Bíonn ionchur díreach ag an Rannóg freisin i ndíothú na nGalar Infhógartha.

Déantar iniúchadh agus monatóireacht rialta ar 9 n-Áitreabh Bheaga Déanta Feola atá faofa agus ar ocht n-áitreabh eile atá cláraithe timpeall an chontae. Lena chois sin, déanann foireann na rannóige tréidliachta iniúchadh réamhbháis agus iarbháis ar gach uile ainmhí a mharaítear sna 16 sheamlas sa chontae, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar chúinsí ginearálta an tsláinteachais oibríochtúil agus struchtúraigh.

Is go díreach tríd an Rannóg a chuirtear an tSeirbhís Rialaithe Madraí ar fáil, ag cinntiú go ndéantar madraí i Maigh Eo a cheadúnú agus a choinneáil faoi smacht éifeachtúil. Tugadh 183 madra isteach sa phóna madraí in 2017. Fuarthas úinéirí nua do 145 de mhadraí an phóna le linn na bliana. Rinneadh leithdháileadh de €38,000 ar ghrúpaí a fheidhmíonn chun leasa ainmhithe i gContae Mhaigh Eo le linn 2017.

Tá sé de dhualgas ar úinéirí madraí ceadúnas madra a bheith acu agus micrishlis a chur ina gcuid madraí agus tá sé de chuspóir ag an Rannóg feasacht a ardú maidir le húinéireacht fhreagrach madraí. Reáchtáladh Lá Micrishlisithe Saor in Aisce i Samhain 2017 agus d'éirigh chomh maith sin leis gur eagraíodh an dara lá i mí na Nollag. Cuireadh micrishlis i 55 madra san iomlán thar an dá lá.

# SEIRBHÍS DÓITEÁIN CHONTAE MHAIGH EO

**Mar údarás dóiteáin, tá dualgas reachtúil ar Chomhairle Contae Mhaigh Eo, faoi na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 & 2003, (a) soláthar a dhéanamh chun dóiteáin a mhúchadh go pras agus go éifeachtúil, agus chun daoine agus maoin a chosaint ar dhíobháil ó dhóiteán agus a tharrtháil ón díobháil sin, (b) briogáid agus áitreabh dóiteáin a bhunú agus a chothabháil, agus (c) socrú leordhóthanach a dhéanamh chun glacadh le glaonna ag lorg cúnamh ón mbriogáid dóiteáin agus chun freagairt do na glaonna sin.**




De bhun iarratas pleanála agus ceadúnais, déanann an Oifig um Chosc Dóiteáin measúnú ar fhoirgnimh ó thaobh na sábháilteachta dóiteáin de, le cinntiú go ndéantar iad a phleanáil, a dhearadh, a thógáil agus a chothabháil ar bhealach sábháilte.

Tá 121 comhraiceoir dóiteáin fostaithe i 12 stáisiún dóiteáin ar fud an chontae, agus téann siad i ngleic leis an iliomad eachtraí gach uile bhliain, idir dhóiteáin simléar, dhóiteáin tí, dhóiteáin foraoise agus phortaigh, thimpistí bóthair, tharrthálacha, agus timpistí a bhaineann le hábhair ghuaiseacha.

Is é an ról atá ag Seirbhís Dóiteáin an Chontae i ndáil le Rialúcháin Foirgníochta ná sláinte, sábháilteacht agus leas daoine ar áitreabh a chinntiú, agus a chinntiú chomh maith go mbíonn rochtain ag daoine ar fhoirgnimh agus go ndéantar fuinneamh a chaomhnú. Déantar iniúchtaí ar chomhlíonadh na rialachán trí spotseiceálacha a dhéanamh.

# BUAICPHOINTÍ 2017

-  Fuarthas Deimhniú OHSAS 18001:2007, caighdeán idirnáisiúnta a chuireann creat ar fáil le rioscaí a aithint, a rialú agus a laghdú agus le sláinte agus sábháilteacht a chur chun cinn san áit oibre.
-  Glacadh páirt ghníomhach in Imeachtaí Pobail um Shábháilteacht Dóiteáin i rith 2017.
-  Eagraíodh agus reáchtáladh oiliúint réigiúnach i Loch an Eanaigh do Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha an Chreat Náisiúnta um Bainistíocht Móréigeandála, as contaetha Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus Ros Comáin.
-  Leantar leis an chlár athsholáthair fearas dóiteáin

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

**114** an líon iarratas a fuarthas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán

Fuarthas **411** iarratas ar Fhógra Tosaithe

Rinneadh **129** n-iniúchadh ar Iarratais ar Cheadúnú

Tugadh faoi **70** iniúchadh eile

Cuireadh Clár Bunscoileanna NDFEM i láthair do **3,586** scoláire i **163** scoil.

Freastalaíodh ar **766** eachtra, a raibh **888** freagra ó bhriogáid dóiteáin mar thoradh orthu

Fuarthas 82 iarratas bailí ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tugadh faoi **65** iniúchadh ar fhoirgnimh nua



**17,650**
an líon glaonna isteach a fuarthas

**13,383**
an líon glaonna amach a rinneadh

**4,379**
Eachtraí Éigeandála Briogáid Dóiteáin ar fud an réigiúin

**54**
An RCRI a mhaoirsigh agus a chuir i bhfeidhm suiteáil trealaimh nua foláirimh agus slogtha, mar aon leis an líonra nua UDP/IP sna 54 stáisiún dóiteáin sa réigiún.

# COSAINT SHIBHIALTA MHAIGH EO

**Eagraíocht dheonach comhdhéanta de thuairim is 85 oibrí dheonacha is ea Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo. Tugann na baill ardoilte tacaíocht do Phríomhghníomhaireachtaí Freagartha agus do phobail áitiúla agus is mór ag na seirbhísí éigeandála túslíne agus na pobail áitiúla sin an cúnamh a thugann siad dóibh.**



Tá neart na heagraíochta bunaithe ar chultúr na hoibre deonaí chomh maith le tiomantas na mball d'fheidhm na heagraíochta. Bíonn baill na heagraíochta fial flaithiúil lena gcuid ama agus scileanna, agus iad ag tabhairt faoi oiliúint ar bhonn seachtainiúil. In 2017 thug Cosaint Shibhialta Mhaigh Eo cúnamh don Gharda Síochána agus do Gharda Chósta na hÉireann thar thréimhse 6 seachtaine agus iad i mbun cuardach ar chriú Rescue R116. Bhí láithreacht laethúil acu ag an Fhód Dubh le linn an na hoibríochta cuardaigh.

## BUAICPHOINTÍ 2017

- Fuair an Ceannasaí Fran Power Gradam QQI um Scileanna Oiliúna i Seirbhísí Deonacha
- Bronnadh plaic ar an chontae mar aitheantas ar shaorálaíochas ó Shligeach-Cathair an tSaorálaíochais 2017
- Aerseó Chathair na Mart
- Tacaíodh leis an togra *Saddle Up for Epilepsy*
- Oiliúint in ITGM maidir le Seachtain Feasachta i leith ACS
- Bronnadh Bhoinn Chomórtha 1916 ar oibrithe deonacha




# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

**85**
85 Oibrí dheonacha

**15**
15 Fheithcil

**4**
4 bhád

**6**
6 seachtaine ag tacú le Rescue R116 ar an Fhód Dubh lena n-áirítear Foirne Dróin na Cosanta Sibhialta

**225**
Baineadh úsáid as 225 oibrí dheonacha, arbh ionann 2480 daonuair

**1**
Otharcharr amháin faighte

**1**
bád dhá bhalla amháin faighte

**1**
Land Rover amháin faighte

# SÁBHÁILTEACHT UISCE

**Tá sé de chúram ag Comhairle Contae Mhaigh Eo Gardaí Tarrthála Trá a fhostú le linn mhíonna an tsamhraidh. In 2017 bhí 20 Garda Tarrthála Trá Lánaimseartha ag feidhmiú ó mhí an Mheithimh go mí Mhéan Fómhair ag na tránna seo a leanas: Trá na Beartraí, Trá na Ceathrún Móire, Trá Cheathrú an Uisce, Trá an Chaoil, Trá na Coime, Trá na Mala Raithní, Trá an tSeanchinn, Trá an Rois agus Trá an Talaimh Bháin. Fostaíodh beirt Ghardaí Tarrthála Linne ag Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead chomh maith agus chuir ochtar Gardaí Tarrthála Trá Cúltaca tacaíocht ar fáil don fhoireann seo.**

## Garda Tarrthála - Staitisticí Tarrthála - Séasúr Snámha Iomlán 2017

| TRÁ/LINN | TARRTHÁIL GAN BHÁD | TARRTHÁIL LE BÁD | GARCHABHAIR | PÁISTE CAILLTE | COMHAIRLE TUGTHA | COSC CURTHA AR THIMPISTE | EILE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Linn Taoide Bhéal an Mhuirthead | | | 7 | | 1793 | | |
| An Bheartrach | | | 1 | | 416 | 4 | |
| An Cheathrú Mhór | | | 4 | | 629 | 2 | |
| Ceathrú an Uisce | | | 13 | | 1032 | 12 | |
| An Chaoil | | 1 | 24 | 2 | 1329 | 220 | 18 |
| An Choim | | | 15 | 1 | 1107 | 68 | 7 |
| An Mhala Raithní | | | 5 | | 642 | 27 | 6 |
| An Seancheann | | | 9 | 1 | 1039 | 17 | |
| An Ros | | | 7 | | 1251 | 39 | 1 |
| Trá an Talaimh Bháin | | | 10 | | 478 | 44 | 7 |
| **Iomlán** | **0** | **1** | **95** | **4** | **9716** | **433** | **39** |



# BAINISTÍOCHT AIRGEADAIS & MÓTARCHÁIN

**SA MHÍR SEO**

Airgeadas

Mótarcháin



**Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as oibríochtaí airgeadais na Comhairle agus leagtar béim ar leith ar a chinntiú go mbíonn socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí ioncaim agus caipitil a mhaoiniú.**



Íoctar caiteachas ioncaim, nó caiteachas laethúil, as foinsí éagsúla, na cinn seo a leanas san áireamh:

**Deontais ón Rialtas**

**Rátaí Tráchtála**

**Cíosanna Tithíochta**

**Iarratais Phleanála**

**Earraí agus seirbhísí eile ar nós**

**na dTáillí Líonta Talún/ Ionaid Fóntas Pobail agus táillí Íoc & Taispeáin.**

Cuireann an Rannóg Airgeadais réimse leathan seirbhísí ar fáil, ina measc:

- Rialú Airgeadais agus Buiséid, Bainistiú Sreabhaidh Airgid agus Cisteáin
- Ullmhú an Bhuiséid Bhliantúil
- Ullmhú an Ráitis Bhliantúil Airgeadais
- Riar na gCóras Bainistíochta Airgeadais
- Riar an Phárolla
- Billeáil agus Bailiú Rátaí Tráchtála
- Billeáil agus Bailiú Cíosanna agus Iasachtaí Tithíochta
- Cuntais Soláthraithe a íoc
- Fáltais Airgid
- Riar agus Bailiú na hÍocaíochta ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais chomh maith go gcloítear leis na prionsabail cuntasaíochta reachtúla agus airgeadais a bhaineann leis an airgead uile a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an Chomhairle.

Bliain dhúshlánach ba ea 2017 do Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Is mór an tionchar a d'imir na cúinsí dúshlánacha eacnamaíochta ar chúrsaí airgeadais na Comhairle ó 2008 i leith. Bhí laghdú suntasach ar fhoinsí ioncaim go háirithe, ach ag an am céanna tá breis éilimh ar go leor de na seirbhísí a sholáthraíonn an Chomhairle. Tá cúinsí airgeadais ag cur brú ar an Chomhairle i gcónaí, agus is gá díriú isteach ar bhonn leanúnach ar bhainistiú airgeadais na n-acmhainní atá ar fáil, chomh maith le cinntiú go mbíonn an smacht ann a theastaíonn le bheith in ann cloí le buiséid agus le tairsigh inacmhainneachta.

# 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Léiríonn Caiteachas Ioncaim de **€138,389,521** agus Caiteachas Caipitiúil de **€67,452,960** méid an tsoláthair laethúil seirbhísí agus na forbartha bonneagair agus léiríonn sé chomh maith a thábhachtaí is a bhíonn oibríochtaí na Comhairle Contae don gheilleagar áitiúil

Tháinig ardú ar leibhéil bhailiúcháin sna trí phríomhréimse bailiúcháin thíos:
(Foinse: Tuairisceáin Bhliantúla Táscairí Feidhmíochta 2017)

- ☐ Rátaí **84.9%** ↑ 2.6% ó 2016
- ☐ Cíos agus blianachtaí **86.1%** ↑1.3% ó 2016
- ☐ Iasachtaí Tí **70.6%** ↑ 2.3% ó 2016

Tá laghdú tagtha ar leibhéil riaráistí sna príomhréimsí bailithe ioncaim seo ar fad.

Tháinig méadú ar Chaiteachas Caipitiúil i réimsí tábhachtacha, ina measc Tógáil/Ceannach Tithe, aghaidh a thabhairt ar Thithe Folmha, agus Scéimeanna Uisce/Fuíolluisce a sholáthar

Bailíodh **€8,310,112** den Cháin Mhaoine Áitiúil a fuarthas taobh istigh den chontae agus fuarthas **€11,502,232** ón Chiste Comhionannaithe

# RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH (RÁITEAS AR AN CHUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS)

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

Bailítear le chéile sa Ráiteas ar an Chuntas Ioncaim & Caiteachais an t-ioncam agus an caiteachas uile a bhaineann le cúrsaí ioncaim. Léiríonn sé an barrachas (nó an t-easnamh) don bhliain. Taispeántar ar leithligh aistrithe chuig nó ó chúlchistí agus ní leithdháiltear iad de réir rannóg seirbhíse. Faoi Nóta 16 déantar na haistrithe a leithdháileadh de réir rannóg seirbhíse, agus iad leagtha amach ar aon dul le Tábla A de Bhuiséad an Údaráis Áitiúil ar glacadh leis.

| | Ollchaiteachas | Ioncam | Glanchaiteachas | Glanchaiteachas |
|---|---|---|---|---|
| | 2017 | 2017 | 2017 | 2016 |
| | € | € | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 15,726,150 | 15,477,465 | 248,686 | 402,553 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 37,434,683 | 28,729,303 | 8,705,379 | 9,067,927 |
| Seirbhísí Uisce | 17,000,086 | 17,374,253 | (374,168) | (693,206) |
| Bainistíocht Forbartha | 10,268,133 | 3,123,617 | 7,144,516 | 6,227,529 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 16,169,591 | 5,468,680 | 10,700,911 | 9,267,635 |
| Áineas & Conláistí | 9,740,378 | 2,821,435 | 6,918,944 | 7,121,961 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 1,526,423 | 614,856 | 911,567 | 929,066 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 18,384,679 | 8,723,294 | 9,661,385 | 7,759,378 |
| **Caiteachas/Ioncam Iomlán** | **126,250,123** | **82,332,903** | | |
| **Glanchostas na Rannán arna mhaoiniú ó Rátaí & ó Cháin Mhaoine Áitiúil** | | | **43,917,220** | 40,082,844 |
| Rátaí | | | 28,973,107 | 25,766,049 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 19,812,344 | 17,492,594 |
| Asbhaint a bhaineann le Pinsean | | | - | 1,577,802 |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain, roimh Aistrithe** | | | **4,868,231** | 4,753,602 |
| **Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí** | | | (5,467,687) | (4,448,785) |
| **Barrachas/(Easnamh) Móriomlán don bhliain** | | | **(599,456)** | 304,817 |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 1 Eanáir 2017** | | | (4,351,379) | (4,656,196) |
| **Cúlchiste Ginearálta @ 31 Nollaig 2017** | | | **(4,950,835)** | (4,351,379) |

# RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS (CLÁR COMHARDAITHE) AR 31 NOLLAIG 2017

| | NOTES | 2017 | 2016 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | 1 | | |
| Oibríochtúil | | 401,713,183 | 393,329,103 |
| Bonneagair | | 2,988,412,538 | 2,988,318,640 |
| Pobail | | 9,628,343 | 9,437,690 |
| Neamhoibríochtúil | | 59,296,713 | 56,460,668 |
| | | **3,459,050,776** | **3,447,546,101** |
| **Obair idir Lámha agus Réamhchostais** | 2 | 74,130,988 | 57,814,179 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 3 | 65,378,008 | 65,736,806 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Stoic | 4 | 398,837 | 329,708 |
| Féichiúnaithe Trádála & Réamhíocaíochtaí | 5 | 19,508,458 | 18,617,996 |
| Infheistíochtaí Bainc | | 10,400,000 | 14,415,000 |
| Airgead sa Bhanc | | 3,962,322 | 2,972,559 |
| Airgead faoi Bhealach | | 257,004 | 315,479 |
| | | **34,526,620** | **36,650,742** |
| **DLITEANAIS REATHA (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Rótharraingt Bainc | | - | - |
| Creidiúnaithe & Fabhruithe | 6 | 54,307,844 | 50,817,237 |
| | | **54,307,844** | **50,817,237** |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA / (GLANDLITEANAIS)** | | **(19,781,224)** | **(14,166,495)** |
| **CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA DLITE TAR ÉIS BLIAIN AMHÁIN AR A LAGHAD)** | | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 7 | 118,061,806 | 122,965,759 |
| Éarlaisí in-aisíoctha | 8 | 5,440,768 | 6,452,409 |
| | | **123,502,574** | **129,418,168** |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | **3,455,275,976** | **3,427,512,422** |
| **LÉIRITHE MAR** | | | |
| Cuntas Caipitlithe | 9 | 3,459,050,776 | 3,447,546,101 |
| Ioncam ó Obair idir Lámha | 2 | 73,625,411 | 55,623,453 |
| Cúlchiste Ioncaim Ghinearálta | | (4,950,835) | (4,351,379) |
| Iarmhéideanna Eile | 10 | (72,449,374) | (71,305,750) |
| **CÚLCHISTÍ IOMLÁNA** | | **3,455,275,976** | **3,427,512,422** |

# MÓTARCHÁIN

**Cuireann Mótarcháin Mhaigh Eo seirbhísí tapa ar ardchaighdeán ar fáil i gcónaí, atá dírithe ar chustaiméirí agus furasta a úsáid.**

Tá miondealú le fáil thíos ar na rólanna agus ar na freagrachtaí a bhaineann le Mótarcháin a bhailiú, ina n-aithnítear an príomhról atá ag Mótarcháin Mhaigh Eo i mbailiúchán agus seachadadh na seirbhíse seo.

**AR LÍNE**

**TIOMÁNAITHE / ÚINÉIRÍ FEITHICLÍ**

**SAN OIFIG MÓTARCHÁNACH NÓ TRÍD AN PHOST**

**AN ROINN IOMPAIR**

- An Comhad Náisiúnta Feithiclí agus Tiománaithe a bhainistiú
- Seirbhísí Mótarchánach ar líne
- Beartas & Reachtaíocht

**ÚDARÁIS ÁITIÚLA**

- Ceisteanna teicniúla a réiteach do chustaiméirí
- Iniúchadh a dhéanamh ar fheithiclí nuair is gá
- Oifigí mótarchánach a riaradh

Cuirtear na seirbhísí seo ar fáil sna trí Oifig Mótarchánach atá lonnaithe go straitéiseach timpeall Mhaigh Eo.

**01** Páirc an Ghleanna, An Meal, **Caisleán an Bharraigh**

**02** Oifig Chathartha, **Béal an Átha**

**03** Ionad Cathartha, **Béal an Mhuirthead**

## BUAICPHOINTÍ 2017

- €30,307,277 Ioncam Iomlán Mhótarcháin Mhaigh Eo in 2017. Tá an figiúr seo comhdhéanta de €19,207,654 a bailíodh tríd an tseirbhís mótarchánach ar líne, agus €11,099,623 a bailíodh in Oifigí Mótarchánach Mhaigh Eo

- Seo a leanas briseadh síos ar an iomlán a bailíodh in Oifigí Mótarchánach Mhaigh Eo le linn 2017.
  - Caisleán an Bharraigh **€6,797,453**
  - Béal an Átha **€3,075,439**
  - Béal an Mhuirthead **€1,226,731**

## 2017 DE RÉIR UIMHREACHA

Measann an Roinn Iompair go bhfuil **98%** d'áiseanna athnuachana ar fáil ar líne











# 2017

## GRIANGHRAIF












MANY PARTS
LCDC




National Heritage Week
Discover the past. Build the future.





Nótaí

Comhairle Contae Mhaigh Eo

Foilseachán de chuid na Rannóige Cumarsáide, Chomhairle Contae Mhaigh Eo